**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0269/2022**

8.11.2022

# TUARASCÁIL

ar fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – i dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil faoi 2040
(2021/2254(INI))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir: Isabel Carvalhais

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Álvaro Amaro, An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..................................................................................................23

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH.................................................27

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHEARTA NA mBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE ..............................................................................................................................38

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................51

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........52

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

**ar fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – i dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil faoi 2040 (2021/2254(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2021 dar teideal ‘A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040’ [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh - i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] (COM(2021)0345),

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe agus do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe,

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras a comhaontaíodh ag an 21ú Comhdháil de Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide,

– ag féachaint d’Airteagail 39 agus 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’)[2],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013[3],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013[4],

---

[1] IO L 433, 22.12.2020, lch. 11.
[2] IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.
[3] IO L 435, 6.12.2021, lch. 1.
[4] IO L 435, 6.12.2021, lch. 187.

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmainn, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Viosaí[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/694 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 27 Deireadh Fómhair 2016 maidir le conas is féidir le CBT feabhas a chur ar chruthú post i gceantair thuaithe[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 4 Aibreán 2017 maidir le mná agus a róil i gceantair thuaithe[8],

– ag féachaint dá rún an 15 Samhain 2017 maidir le Plean Gníomhaíochta don dúlra, do dhaoine agus don gheilleagar[9],

– ag féachaint do rún uaithi an 30 Bealtaine 2018 maidir le todhchaí an bhia agus na feirmeoireachta[10],

– ag féachaint do rún ó uaithi an 3 Deireadh Fómhair 2018 maidir le haghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha ceantar tuaithe, sléibhtiúil agus iargúlta[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Márta 2022 ar ról an bheartais comhtháthaithe i ndáil le claochlú nuálach agus cliste agus nascacht TFC réigiúnach a chur chun cinn[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 8 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Straitéis Foraoiseachta na hEorpa – An Bealach Chun Cinn[13],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol[14],

– ag féachaint do rún uaithi an 9 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030: An dúlra a thabhairt ar ais inár saol[15],

[5] IO L 231, 30.6.2021, lch. 159.
[6] IO L 166, 11.5.2021, lch. 1.
[7] IO C 215, 19.6.2018, lch. 228.
[8] IO C 298, 23.8.2018, lch. 14.
[9] IO C 356, 4.10.2018, lch. 38.
[10] IO C 76, 9.3.2020, lch. 62.
[11] IO C 11, 13.1.2020, lch. 15.
[12] IO C 347, 9.9.2022, lch. 37.
[13] IO C 395, 29.9.2021, lch. 37.
[14] IO C 184, 5.5.2022, lch. 2.
[15] IO C 67, 8.2.2022, lch. 25.

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640),

– ag féachaint don Theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives [Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Samhain 2021 dar teideal 'Plean teagmhasach chun soláthar bia agus slándáil an tsoláthair bia a áirithiú tráth géarchéime' (COM(2021)0689),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Iúil 2021 dar teideal New EU Forest Strategy for 2030 [Straitéis Bhithéagsúlachta AE don bhliain 2030] (COM(2021)0572),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2022 ar an 8ú tuarascáil faoin gComhtháthú: Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050 (COM(2022)0034),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2020 maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh (COM(2020)0241),

– ag féachaint don pháipéar uaine ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 dar teideal 'Ageing: Fostering solidarity and responsibility between generations' [Aosú: Dlúthpháirtíocht agus freagracht a chothú idir na glúnta] (COM(2021)0050),

– ag féachaint do Dhearbhú Chorcaí 2.0 dar teideal 'Saol Níos Fearr i gCeantair Thuaithe' arna ghlacadh ag na páirtithe sa Chomhdháil Eorpach um Fhorbairt Tuaithe a tionóladh i gCorcaigh i mí Mheán Fómhair 2016,

– ag féachaint do Dhearbhú Bled maidir le todhchaí níos cliste do na ceantair thuaithe in AE, a síníodh in Bled, an tSlóivéin, an 13 Aibreán 2018,

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na dTuathánach agus Daoine Eile a oibríonn i gCeantair Thuaithe, a ghlac an Chomhairle um Chearta an Duine an 28 Meán Fómhair 2018,

– ag féachaint don rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 maidir le Plean Gníomhaíochta AE maidir le Talmhaíocht Orgánach[16],

– ag féachaint do mholadh ginearálta Uimh. 34 (2016) ó Choiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú maidir le cearta na mban tuaithe, a glacadh an 7 Márta 2016,

[16] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0136.

– ag féachaint do Phrionsabal 20 de cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,

– ag féachaint don staidéar a d'iarr Coiste na Parlaiminte um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe dar teideal 'Todhchaí shamhail feirmeoireachta na hEorpa: impleachtaí socheacnamaíocha agus críochacha an meath i líon na bhfeirmeacha agus na bhfeirmeoirí in AE', a d'fhoilsigh an Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe i mí Aibreáin 2022,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Márta 2021 maidir le plean gníomhaíochta chun táirgeadh orgánach a fhorbairt (COM(2021)0141),

– ag féachaint do rún uaithi an 24 Márta 2022 maidir leis an ngá atá le plean gníomhaíochta práinneach AE chun slándáil an tsoláthair bia a áirithiú laistigh den Aontas agus lasmuigh de i bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin[17],

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 8 Aibreán 2021 dar teideal 'Meastóireacht ar thionchar CBT ar athnuachan glúine, ar fhorbairt áitiúil agus ar phoist i gceantair thuaithe' (SWD(2021)0078),

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 26 Eanáir 2022 dar teideal 'Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais'[18],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2022 dar teideal 'Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais'[19],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0269/2022),

A. de bhrí gurb ionann ceantair thuaithe agus thart ar 83 % de chríoch iomlán an Aontais Eorpaigh agus go bhfuil thart ar 137 milliún duine ina gcónaí iontu (30 % de dhaonra AE); de bhrí go bhfuil tábhacht mhór ag baint le ceantair thuaithe AE mar áiteanna le haghaidh táirgeadh bia, foraoisí agus táirgeadh fuinnimh, go háirithe fuinneamh inathnuaite, chomh maith leis an gComhaontú Glas don Eoraip, aeráidneodracht agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach; de bhrí go bhfuil dúshláin shonracha fhadtéarmacha gan réiteach roimh cheantair thuaithe, go háirithe réigiúin thuaithe iargúlta agus bheagfhorbartha, limistéir shléibhtiúla, oileáin agus na réigiúin is forimeallaí, agus easpa aitheantais dá n-acmhainneacht uathúil forbartha agus nuálaíochta;

B. de bhrí go bhfuil sciar foriomlán an daonra i gceantair thuaithe ag laghdú beagán ar leibhéal AE le deich mbliana anuas, agus go suntasach le 50 bliain anuas, mar gheall ar aosú agus imirce amach (uirbiú); de bhrí gurb é sciar na ndaoine atá os cionn 65 bliana

[17] IO C 361, 20.9.2022, lch. 2.
[18] IO C 270, 13.7.2022, lch. 18.
[19] IO C 290, 29.7.2022, lch. 137.

d'aois an sciar is airde i gceantair thuaithe go ginearálta, agus go meastar go dtiocfaidh méadú air sin amach anseo; de bhrí gur dócha go laghdóidh daonraí i gceithre cinn de chúig réigiún tuaithe AE faoi 2050, agus gur dócha go gcaillfidh ceantair thuaithe iargúlta tuilleadh áitritheoirí;

C. de bhrí go luaitear in Airteagal 174 CFAE nach mór don Aontas díriú ar éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar réigiúin áirithe, go háirithe ceantair thuaithe; de bhrí, chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, nach mór do chríocha tuaithe tacaíocht airgeadais leormhaith a fháil;

D. de bhrí gur tháinig forbairt fhabhrach ar an meánráta fostaíochta i gceantair thuaithe AE ó 2012 go 2020, cé go raibh difríochtaí ann idir na Ballstáit agus go bhfuil éagsúlachtaí ann i gcáilíocht na fostaíochta atá ar fáil; de bhrí go bhfuil an sciar den daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta níos airde i gceantair thuaithe ná mar atá i gcathracha agus i mbailte;

E. de bhrí go bhfuil na dálaí oibre ina n-oibríonn sciar suntasach d'oibrithe atá fostaithe in earnáil talmhaíochta AE thar a bheith dúshlánach agus forbhásach, agus go bhfuil drochphá, uaireanta oibre fada, obair neamhdhearbhaithe, minicíocht ard tionóiscí agus tinnis agus dálaí tithíochta millteanacha ag baint leis na dálaí oibre sin;

F. de bhrí go bhfuil rochtain ar sheirbhísí uisce, ar shláintíocht, ar nascacht bóithre, ar chúram sláinte, ar oideachas, ar idirlíon leathanbhanda agus ar sheirbhísí bunúsacha eile bunriachtanach chun ceantair thuaithe a fhorbairt; de bhrí nach bhfuil rochtain fós ag teaghlaigh i roinnt ceantar tuaithe ar sheirbhísí bunúsacha bunriachtanacha, go háirithe seirbhísí uisce agus sláintíochta, agus go bhfuil difríochtaí fós ann idir na Ballstáit[20]; de bhrí gur shainaithin saoránaigh bonneagar agus naisc iompair mar na príomhriachtanais i gceantair thuaithe;

G. de bhrí nach bhfuil naisc leathanbhanda ardluais ar fáil ach d'aon chónaitheoir tuaithe amháin as gach seisear; de bhrí go bhfuil bearna shuntasach idir ceantair thuaithe agus uirbeacha maidir le bunscileanna digiteacha, agus go bhfuil bunscileanna digiteacha nó scileanna digiteacha os cionn an bhunleibhéil ag 28 % de dhaoine fásta atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, i gcomparáid le 62 % de dhaoine fásta atá ina gcónaí i gcathracha (2019); de bhrí go bhfuil difríochtaí suntasacha fós ann i measc na mBallstát maidir le nascacht idirlín, cé nach bhfuil rochtain ar an idirlíon fós ag suas le 25 % de theaghlaigh tuaithe i roinnt Ballstát[21];

H. de bhrí gur luach bunúsach de chuid AE é an comhionannas inscne, a aithnítear sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha; de bhrí go bhfuil neamhionannais shuntasacha inscne fós ann i gceantair thuaithe, agus go bhfuil mná thíos le rátaí dífhostaíochta níos airde, conarthaí forbhásacha agus dálaí oibre neamhfhoirmiúla, chomh maith le bheith faoi ghannionadaíocht i gcomhlachtaí cinnteoireachta amhail comharchumainn talmhaíochta, ceardchumainn agus rialtais bhardasacha;

[20] https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=SDG_6_-_Clean_water_and_sanitation#Sanitation
[21] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ISOC_CI_IN_H__custom_2784346/default/table?lang=en

I. de bhrí gur tháinig laghdú 32 % ar líon na bhfeirmeacha in AE-27 idir 2003 agus 2016, agus an laghdú is láidre i measc feirmeacha beaga faoi bhun cúig heicteár (38 %); de bhrí go raibh 10.5 milliún feirm in AE in 2016, agus gurbh fheirmeacha teaghlaigh a bhformhór (92 %) díobh; de bhrí, faoi 2040, go bhféadfadh AE 6.4 milliún feirm bhreise a chailleadh, rud a d'fhágfadh go mbeadh thart ar 3.9 milliún feirm eile ar fud AE, laghdú eisceachtúil 62 % i gcomparáid le 2016;

J. de bhrí, in 2016, go raibh níos mó ná seisear feirmeoirí os cionn 65 bliana d'aois in aghaidh gach feirmeora a bhí níos óige ná 35 bliana d'aois[22], rud a fhágann go bhfuil feirmeoirí AE ar cheann de na dúshláin is mó atá os comhair na gceantar tuaithe; de bhrí go bhfuil sciar na mbanfheirmeoirí óga go háirithe an-íseal;

K. de bhrí go bhfostaíonn feirmeacha beostoic AE thart ar 4 mhilliún duine agus gurb iad is mó a thairbhíonn de chúnamh ón dara colún den chomhbheartas talmhaíochta (CBT) d'fheirmeacha i gceantair faoi mhíbhuntáiste, arb ionann iad agus 50 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear in AE;

L. de bhrí gur léir gur uirlis éifeachtach do chomhpháirtíochtaí críochacha poiblí-príobháideacha iad grúpaí téamacha an Líonra Eorpach um Fhorbairt Tuaithe; de bhrí gur éirigh leis na grúpaí sin, thairis sin, fóram aonair a chur ar fáil inar féidir aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le hathbheochan críche, nuálaíocht, cur chuige ó bhun aníos agus cur chuige comhtháite sa talmhaíocht agus san fhorbairt tuaithe, bainistíocht dhíláraithe, comhtháthú líonraithe agus comhar;

M. de bhrí go bhfuil sé ar cheann de na cuspóirí do CBT don chlárthréimhse reatha fostaíocht, fás agus comhionannas inscne a chur chun cinn lena n-áirítear rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht, sa chuimsiú sóisialta agus san fhorbairt áitiúil i gceantair thuaithe;

N. de bhrí gur cuireadh ábhair imní in iúl maidir le héifeachtaí diúltacha na ngníomhaíochtaí mianadóireachta ar uisce, ar limistéir faoi chosaint agus ar an gcomhshaol, agus maidir leis an damáiste éiceolaíoch a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis don timpeallacht agus d'fhoinsí eile slí beatha, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'ioncam, do shláinte agus do cháilíocht beatha daoine[23];

***1. Dúshláin agus deiseanna do cheantair thuaithe níos láidre, athléimneacha agus cuimsitheacha***

1. á thabhairt chun suntais éagsúlacht stairiúil, gheografach, eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe ar fud an Aontais Eorpaigh; á mheabhrú go bhfuil dúshláin éagsúla roimh cheantair thuaithe atá gar do lárionaid uirbeacha, limistéir chósta, limistéir trasteorann nó limistéir shléibhtiúla, sna réigiúin is forimeallaí agus i limistéir inar tearc an daonra, ar dúshláin iad a éilíonn réitigh spriocdhírithe shaincheaptha, atá le cur chun feidhme i gcomhar le geallsealbhóirí áitiúla;

2. á chur i bhfáth go bhfuil beartais agus gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais mar aon le

[22] Míniú ar chuspóirí sonracha CBT - Athrú struchtúrach agus athnuachan ó ghlúin go glúin, https://agriculture.ec.europa.eu/system/files/2019-11/cap-briefs-7-structural-change_en_0.pdf
[23] https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2022/729156/IPOL_STU(2022)729156_EN.pdf

cinn náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ag a bhfuil cur chuige áitbhunaithe ríthábhachtach chun rathúnas agus folláine shaoránaigh tuaithe na hEorpa a áirithiú, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin atá rompu, eadhon laghdú agus aosú an daonra, baol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta agus níos lú deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán; á mheabhrú go bhfuil OTI per capita ag ceantair thuaithe atá go mór faoi bhun mheán an Aontais Eorpaigh;

3. á thabhairt chun suntais, thairis sin, nach bhfuil easpa rochtana i gceantair thuaithe ar sheirbhísí ardcháilíochta leasa ghinearálta amhail seirbhísí uisce, sláintíocht, nascacht bóithre, cúram sláinte, cúram leanaí agus oideachas agus oiliúint ardcháilíochta, agus nach bhfuil siad nasctha go maith, le roghanna teoranta iompair agus easpa leathanbhanda ardluais, chomh maith le heaspa seirbhísí bunúsacha eile amhail seirbhísí poist agus baincéireachta, chomh maith le cáilíocht agus infhaighteacht neamhleor tithíochta, brúnna aeráide agus comhshaoil, an bhearna comhionannais inscne agus deiseanna teoranta don nuálaíocht agus rochtain ar fhorbairtí teicneolaíochta; á chur i bhfios go gcuireann iargúltacht gné shuntasach deacrachta le ceantair thuaithe;

4. á thabhairt chun suntais go mbeidh tionchar ag meath déimeagrafach agus ag aosú ar na réigiúin uile ach go háirithe ar cheantair thuaithe mar gheall ar aistriú daonra i dtreo limistéir uirbeacha agus imirceach amach na hóige, rud a mbeidh tionchar diúltach aige ar a n-acmhainneacht fáis, ar a gcáilíocht saoil, ar fhorbairt scileanna agus ar an rochtain ar sheirbhísí; ag tabhairt dá haire nach raibh beartais phoiblí in ann treocht bhánú na tuaithe a aisiompú;

5. á thabhairt chun suntais an ról lárnach is féidir a bheith ag ceantair thuaithe maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, trí sheirbhísí éiceachórais a sholáthar chun an t-athrú aeráide agus meath an chomhshaoil a mhaolú, táirgeadh bia inbhuanaithe agus leordhóthanach a áirithiú, lena n-áirítear bia orgánach, oidhreacht tuaithe inláimhsithe agus dholáimhsithe a chaomhnú, caomhnú an dúlra agus bithéagsúlacht a chothú, agus tírdhreacha cultúrtha uathúla a chur ar fáil chun críocha fóillíochta agus áineasa, chomh maith leis an ngeilleagar ciorclach a fhorbairt agus rannchuidiú le haistriú cóir, glas agus digiteach;

6. á chur i bhfáth i ndáil leis sin na sineirgí idir an pobail tuaithe, cosaint an chomhshaoil, slándáil bia agus feasacht ar leas na n-ainmhithe; á chur i bhfáth gur gá tacaíocht leordhóthanach a thabhairt d’fheirmeoirí agus iad a chúiteamh as earraí poiblí agus seirbhísí éiceachórais a sholáthar, rud a chuirfidh le hinmharthanacht eacnamaíoch na gceantar tuaithe;

7. ag tarraingt aird ar an míshástacht atá ag dul i méid i measc daonraí tuaithe a bhraitheann nach gcuirtear a gcuid riachtanas san áireamh go leordhóthanach sa chinnteoireacht pholaitiúil agus a mhothaíonn go bhfuil tearcionadaíocht á déanamh orthu, lena gcothaítear neamhshuim shibhialta agus pholaitiúil, ar gá aghaidh a thabhairt air freisin agus a d’fhéadfadh forbairt cineálacha éagsúla díchumhachtaithe dhaonlathaigh a bheith mar thoradh air; á áitiú go bhfuil deighilt idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha atá ag éirí níos géire, iargúltacht gheografach agus easpa seirbhísí bunúsacha ag teacht le chéile chun an míshástacht sin a mhéadú; á chreidiúint gur féidir le rannpháirtíocht daoine óga i saol an phobail áitiúil rannchuidiú le moill a chur ar imirce daoine óga ó cheantair thuaithe;

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil muinín láidir fós ag saoránaigh AE i rialtais réigiúnacha agus áitiúla, mar a léirítear i suirbhéanna Eorabharaiméadair, agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na leibhéal rialtais sin chun tacaíocht a athbheochan don tionscadal Eorpach i gceantair thuaithe;

9. á chur i bhfáth go bhfuil ceantair thuaithe an-leochaileach i leith thionchair na géarchéime, amhail paindéim COVID-19, an cogadh san Úcráin agus an t-athrú aeráide, ach go bhfuil siad in ann deiseanna agus réitigh nua a chur ar fáil freisin mar fhreagairt ar na géarchéimeanna sin agus ról lárnach a bheith acu maidir le slándáil bia, neamhthuilleamaíocht i gcúrsaí bia agus neamhspleáchas ar bhreoslaí iontaise nó ar allmhairí fuinnimh a áirithiú, i bhfianaise an chreata tacaíochta leormhaithe;

10. á thabhairt chun suntais gur tháinig iompraíochtaí nua chun cinn maidir le maireachtáil, oibriú agus idirghníomhú, lena n-áirítear teilea-obair, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, rud a chruthaíonn deiseanna nua le go leor seachtrachtaí dearfacha don athghiniúint do cheantair thuaithe; ag tabhairt dá haire gur thuig saoránaigh gur féidir le ceantair thuaithe réitigh a thairiscint ar an ngéarchéim seo;

*2. Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais*

11. á chur in iúl gur geal leis an teachtaireacht ón gCoimisiúin maidir lena fhís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais; ag aontú lena chuid aidhmeanna ginearálta agus á mheas gurb í an deis is luachmhaire í le haghaidh gníomhaíochta comhordaithe agus treisithe maidir le ceantair thuaithe faoi láthair agus an méid a bheidh i ndán dóibh amach anseo, agus aghaidh á tabhairt ar dheiseanna chun athnuachan shóisialta, eacnamaíoch agus chomhshaoil a dhéanamh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcomhlánóidh cistí agus beartais AE a chéile chun tacú le ceantair thuaithe agus go mbeidh rochtain ag geallsealbhóirí áitiúla ar fhaisnéis;

12. ag cur béim ar an bhfíoras go gcaithfidh forbairt na gceantar tuaithe leanúint de bheith ar chlár oibre an Aontais agus á iarraidh ar Uachtaránachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh atá le teacht an uaillmhian sin a shaothrú go hiomlán agus a chur in iúl ina gconclúidí gur gá gníomhú do chríocha tuaithe;

13. ag tabhairt dá haire an togra le haghaidh plean gníomhaíochta tuaithe, ar cheart go bhforbrófaí é ina uirlis dhinimiciúil don ghníomhaíocht amach anseo, a mbeidh torthaí nithiúla ag gabháil léi, lena dtacófar le straitéisí comhtháite don fhorbairt inbhuanaithe i gcomhréir le prionsabal na comhpháirtíochta; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tosaíocht is airde a thabhairt dá chur chun feidhme, agus spriocanna cainníochtúla ceangailteacha soiléire á leagan síos maidir le seachadadh, chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní a bhfuil gá leo le haghaidh cur chun feidhme éifeachtach ann agus chun go mbainfear amach an sprioc maidir le ceantair thuaithe níos láidre, níos athléimní agus níos rathúla faoi 2040;

14. ag aontú go bhfuil gá le sainmhíniú coiteann uile-Aontais ar cheantair thuaithe fheidhmiúla, lena n-ionchorpraítear an t-idirdhealú idir ceantair thuaithe agus ceantair pheirea-uirbeacha agus lena n-aithnítear castacht, éagsúlacht agus sainiúlachtaí na gceantar sin;

15. ag tathant ar an gCoimisiún, i gcomhar le geallsealbhóirí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sainmhíniú den sórt sin a fhorbairt agus a oibríochtú go tapa; á mheas go bhféadfaí an sainmhíniú sin a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir éabhlóid cheantair thuaithe na hEorpa agus chun bonn eolais a chur faoi chur chun feidhme níos spriocdhírithe beartas agus beart sna críocha sin; á iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíocht choiteann a fhorbairt agus solúbthacht leordhóthanach á cur san áireamh chun freastal ar shaintréithe agus riachtanais shonracha na mBallstát;

16. ag tacú le Comhshocrú um an Tuath a fhorbairt, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chuimsitheach na ngeallsealbhóirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ina rialachas, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, chun go n-éireoidh leis an tionscnamh;

17. á mheas go bhfuil gá le cuspóirí nithiúla, spriocanna insoláthartha, córais rialachais agus faireacháin il-léibhéil, chomh maith le freagrachtaí institiúideacha don Chomhshocrú um an Tuath; á chreidiúint gur cheart go bhfeidhmeodh an Comhshocrú um an Tuath mar ardán chun dea-chleachtais a roinnt idir ceantair thuaithe agus chun tacú leo na huirlisí atá ar fáil a úsáid, rannchuidiú le sineirgí, comhlántacht agus comhleanúnachas idirghabhálacha AE agus uathriail straitéiseach AE a éascú;

18. á chur in iúl gur geal léi gur fógraíodh Faireachlann um an Tuath chun feabhas a chur ar bhailiú agus anailís sonraí ar cheantair thuaithe; á mheas gur ionstraim bhailí é chun beartais phoiblí níos fearr a chur ar an eolas, a dhearadh agus faireachán a dhéanamh orthu, chomh maith le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme na físe fadtéarmaí agus bheartais agus straitéisí tuaithe AE amach anseo, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an Tuath;

19. á mheas gur cheart go mbeadh an fhaireachlann tuaithe ina deis chun bearnaí sonraí a shainaithint agus bunachair sonraí a fheabhsú, go háirithe maidir le sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de, chun cur chuige staidrimh níos mionsonraithe a chur chun cinn agus chun táscairí a fhorbairt ar leibhéal geografach leormhaith chun tuiscint a fháil ar riachtanais an daonra; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistiú agus acmhainní leordhóthanacha, trédhearcacht agus treochlár soiléir ina bhfuil amchláir agus cuspóirí;

20. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé sásra um promhadh leas na tuaithe a chur chun feidhme do thionscnaimh AE chun measúnú a dhéanamh ar comhleanúnachas agus comhlántacht bheartais AE an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar cheantair thuaithe; ag tathant ar na Ballstáit forbairt agus cur chun feidhme sásraí éifeachtacha um promhadh leas na tuaithe a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhféadfadh a bheith ag reachtaíocht beartaithe i gceantair thuaithe lena áirithiú go bhfuil sí oiriúnach don fheidhm, agus ag iarraidh ar an gCoimisiún cabhrú leo; á mheas gur cheart go mbeadh an sásra um promhadh leas na tuaithe éigeantach agus á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeadh údaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach i sainiú agus i gcur chun feidhme sásraí um promhadh leas na tuaithe, agus ina rialachas ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon;

### *3. Conair do thodhchaí na gceantar tuaithe le haghaidh 2040*

21. á áitiú nach mór do shaoránaigh tuaithe, amhail gach saoránach eile, tairbhe a bhaint as

coinníollacha cothroma chun a spriocanna gairmiúla, sóisialta agus pearsanta a bhaint amach, agus béim ar leith á leagan ar ghrúpaí níos leochailí, agus á áitiú go ndéanfaí Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur i bhfeidhm;

22. á chur i bhfáth nach mór rochtain chomhionann a bheith ag pobail tuaithe ar sheirbhísí leasa ghinearálta chun dálaí cuimsitheacha agus cothroma maireachtála agus folláine a áirithiú, go háirithe seirbhísí cúraim sláinte, oideachas, oiliúint d'uas-sciliú agus athsciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil, cúram sóisialta, cúram leanaí agus daoine scothaosta, nascacht agus soghluaisteacht, agus tithíocht, chomh maith le seirbhísí poist agus baincéireachta, áiteanna cruinnithe sóisialta agus gníomhaíochtaí cultúrtha agus bonneagar;

23. á thabhairt chun suntais, ina leith sin, a thábhachtaí atá infheistíocht phoiblí agus comhpháirtíochtaí poiblí, chomh maith le feabhas a chur ar chomhar trasteorann agus ar chomhar idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha; á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht ag ionaid seirbhísí díláraithe agus ilfheidhmeacha agus ag foirgnimh athchóirithe saincheaptha ar athraíodh a gcuspóir, chomh maith le cineálacha nuálacha cur chuige chun seirbhísí a sholáthar;

24. á mheas gur cheart aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí leochaileacha a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, amhail daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus imircigh, go háirithe oibrithe séasúracha, á áirithiú go dtabharfar aghaidh ar a riachtanais shonracha agus cuimsiú sóisialta á chur chun cinn ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún cleachtais idir na Ballstáit a chomhchuibhiú tuilleadh maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas;

25. á chur i bhfáth gur cheart tús áite a thabhairt d'idirghabhálacha spriocdhírithe a thacaíonn le daoine óga agus athnuachan éifeachtach glúine a chothú, chun láithreacht bhuan daoine óga i gceantair thuaithe a spreagadh agus chun gníomhú in aghaidh an mheatha dhéimeagrafaigh; á chur i bhfáth gur cheart aird ar leith a thabhairt ar na príomhdhúshláin a shárú agus bacainní atá ann cheana a bhaint, amhail rochtain ar ardoideachas agus aistriú eolais, deiseanna fostaíochta, sealbhú scileanna gnó agus rochtain ar thalamh agus ar chaipiteal; á chur i bhfáth go bhfuil gá le córais oideachais talmhaíochta ardcháilíochta chun gairmithe óga a oiliúint; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, an ról tábhachtach atá ag feirmeoirí óga i nuachóiriú thalmhaíocht AE agus i gcruthú tuilleadh deiseanna i gceantair thuaithe; á chur i bhfáth gur gá tacú lena lánpháirtiú rathúil, go háirithe trí cheannach agus léasú talún feirme a éascú, agus aird á tabhairt ar an acmhainneacht atá ag goradáin feirme ina leith sin;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a fhorbairt agus a neartú, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, chun feabhas a chur ar chearta, ar dhálaí oibre, ar shábháilteacht, ar shláinte agus ar chosaint shóisialta oibrithe i gceantair thuaithe, lena n-áirítear dálaí maireachtála agus oibre oibrithe séasúracha agus oibrithe imirceacha, agus comhleanúnachas á áirithiú ag an am céanna idir réimsí beartais a dhéanann difear don tsaincheist sin;

27. á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus an claochlú digiteach, deiseanna nua a chruthú i gceantair thuaithe, dinimic nua a chruthú do thodhchaí níos athléimní agus

deiseanna do phoist inbhuanaithe; á chur i bhfios gur gá aistriú cóir agus cuimsitheach a áirithiú, beocht eacnamaíoch tuaithe agus comhtháthú críochach agus sóisialta a chur chun cinn, agus tacaíocht agus acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i ndáil leis sin, go háirithe i bhfianaise na géarchéime reatha;

28. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag an talmhaíocht, ag an earnáil agraibhia agus ag an bhforaoiseacht inbhuanaithe i gceantair thuaithe, maidir le poist a chur ar fáil agus maidir le bia ardcháilíochta, éagsúil agus bithmhais a tháirgtear go hinbhuanaithe a áirithiú; á áitiú go bhfuil an talmhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí, an chomhshaoil agus an gheilleagair de, lena n-áirítear an agrai-éiceolaíocht agus an fheirmeoireacht orgánach, lena gcuirtear ioncam cóir ar fáil d'fheirmeoirí, ríthábhachtach do bheocht na gcríoch sin;

29. ag tarraingt aird ar an ról tábhachtach atá ag feirmeacha beaga agus meánmhéide agus ag feirmeacha teaghlaigh maidir le pobail tuaithe a chothabháil agus bainistiú talún agus tírdhreacha a chaomhnú, agus á áitiú gur cheart dóibh tairbhe a bhaint as tacaíocht chun dálaí maireachtála leordhóthanacha a áirithiú agus chun an laghdú ar líon na bhfeirmeacha a mhaolú; á thabhairt chun suntais nach bhfuil rochtain leordhóthanach ar theicneolaíochtaí fós ag feirmeoirí i gceantair iargúlta agus i gceantair thuaithe, go háirithe feirmeoirí beaga;

30. ag aithint a thábhachtaí atá sé tacú le tionscnaimh chomhair sa talmhaíocht agus sa gheilleagar sóisialta mar uirlis don fhorbairt tuaithe; ag tarraingt aird ar ról na gcomharchumann agraibhia in inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe, lena gcuirtear luach le táirgí, lena gcruthaítear fostaíocht agus lena ndéantar an geilleagar áitiúil a éagsúlú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comharchumainn i gceantair thuaithe a spreagadh agus a chur chun cinn;

31. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé scéimeanna cáilíochta AE a chur chun cinn, go háirithe tásca geografacha, mar bhealach chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar dháileadh cothrom an luacha eacnamaíoch laistigh de shlabhraí bia agus, ar deireadh, chun daonraí tuaithe a choinneáil ar bun i gcríoch AE;

32. á chur i bhfáth gur fadhb thromchúiseach fós iad cleachtais éagóracha trádála in earnáil na talmhaíochta agus á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le céimeanna breise chun dáileadh níos fearr luacha feadh an tslabhra a áirithiú; á mheabhrú go bhfuil acmhainneacht ag slabhraí soláthair gairide chun tomhaltóirí agus táirgeoirí a thabhairt níos gaire dá chéile, lena gcuirtear luach saothair níos fearr ar fáil d'fheirmeoirí agus lena laghdaítear gáis cheaptha teasa sa timthriall táirgthe bia; á chur i bhfáth gur cheart tionchar na gcomhaontuithe saorthrádála i gceantair thuaithe a chur san áireamh;

33. ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le dáileadh cothrom na n-íocaíochtaí díreacha chun forbairt chothrom na réigiún agus na gceantar tuaithe a áirithiú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá íocaíochtaí CBT do limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu ó thaobh gníomhaíochtaí inbhuanaithe a chaomhnú sna limistéir sin; á iarraidh ar na Ballstáit gréasáin láidre chríochacha forbartha tuaithe CBT a chothú chun comhordú a dhéanamh ar na geallsealbhóirí forbartha tuaithe uile;

34. á chur i bhfios gur príomhghnéithe de cheantair thuaithe na hEorpa iad pórú fairsing beostoic atá bunaithe ar fhéarthalamh buan, pórú beostoic atá bunaithe ar fhéarach coille

nó pórú fairsing beostoic, lena mbaineann féaraigh a bhfuil ardluach comhshaoil acu go minic agus speicis agus pórtha feirme atá i mbaol, go háirithe i limistéir iargúlta shléibhtiúla, nach mór tacú leo agus iad a spreagadh;

35. á chur i bhfios a thábhachtaí atá rochtain ar infheistíochtaí saincheaptha, ar thaighde agus ar nuálaíocht don talmhaíocht inbhuanaithe; ag tabhairt dá haire an rath a bhí ar an gComhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta agus á iarraidh go leanfar den chur chuige nuálach ó bhun aníos sin agus go ndéanfaí é a leathnú chun réitigh shaincheaptha arna gceapadh ag geallsealbhóirí áitiúla a chur ar fáil, chomh maith le comhpháirtíochtaí nuálaíochta tuaithe ilghníomhaithe agus moil nuálaíochta eile; á mheas gur cheart go mbeadh an nuálaíocht comhoiriúnach le cleachtais thraidisiúnta agus le heolas traidisiúnta, go háirithe na cleachtais agus an t-eolas atá curtha in oiriúint do shaintréithe gach réimse;

36. á mheabhrú gur féidir le feoiliteoirí móra, go háirithe mic tíre, tionchar a bheith acu ar inmharthanacht na feirmeoireachta, go háirithe i gcineálacha éagsúla tailte feirme a ndéantar bainistiú orthu atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de; ag tabhairt dá haire go dtugtar chun suntais leis sin an gá atá le cómhaireachtáil chothrom idir daoine agus na hainmhithe sin i gceantair thuaithe a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i ndáil leis sin, gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh chun an chómhaireachtáil sin a áirithiú, ionas nach ndéanfar dochar d'fhorbairt inbhuanaithe agus dinimiceas na gceantar tuaithe, agus go háirithe chun cleachtais talmhaíochta thraidisiúnta amhail an tréadachas a choimirciú; á mheabhrú an fhreagracht atá ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le stádas caomhantais a bhaint amach agus, i gcás inarb iomchuí, stádas caomhantais speiceas a leasú, má bhaintear amach an stádas caomhantais inmhianaithe; ag tathant ar an gCoimisiún plé a spreagadh maidir le feoiliteoirí móra le gníomhaithe tuaithe, faisnéis a chur ar fáil maidir le deiseanna maoiniúcháin le haghaidh bearta coisctheacha i gcoinne ionsaithe ar bheostoc agus cineálacha cur chuige comhordaithe a chur chun cinn ar fud na mBallstát;

37. á chur i bhfáth go bhfuil éagsúlú agus nuálaíocht sa gheilleagar tuaithe, le cur chuige níos críochaí atá bunaithe ar acmhainneacht agus saintréithe áitiúla, ríthábhachtach chun deiseanna a bhaint as an aistriú digiteach agus as an aistriú glas; ag iarraidh ar na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm chun tacú le haistriú cothrom agus le héagsúlú an gheilleagair thuaithe, chomh maith le tacú le cruthú post ardcháilíochta i gceantair thuaithe; ag cur béim ar an acmhainneacht atá ag bithcheantair, ag éicearéigiúin, ag feirmeoireacht carbóin agus ag éiceathurasóireacht d'éagsúlú an gheilleagair tuaithe; á mheabhrú gur féidir le talmhaíocht, foraoiseacht agus iascach inbhuanaithe deiseanna a chur ar fáil freisin d'éagsúlú gnó i gceantair thuaithe;

38. á aithint gur féidir leis an turasóireacht a bheith ina foinse thábhachtach ioncaim do phobail tuaithe, agus béim á leagan ar acmhainneacht samhlacha éagsúlaithe na turasóireachta inbhuanaithe; á chur i bhfios gur minic nach mbaintear leas leordhóthanach as an iascach áineasa agus as an turasóireacht slatiascaireachta chun turasóirí a mhealladh i rith na bliana; á iarraidh go ndéanfaí iarrachtaí chun ionad na turasóireachta tuaithe, amhail an turasóireacht fíona, a neartú i straitéisí chun an geilleagar tuaithe a éagsúlú, i gcomhar le hearnálacha na talmhaíochta agus an bhia;

39. ag aithint a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe géime do thodhchaí na gceantar

tuaithe ó thaobh caomhnú sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus bithéagsúlachta de;

40. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun bearta a cheapadh agus a chur chun feidhme chun bearnaí inscne a chomhrac, go háirithe maidir le pá agus pinsin; á chur i bhfáth gur cheart príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm ar gach leibhéal ceaptha beartas, lena n-áiritheofar cur chun feidhme straitéis AE um chomhionannas inscne 2020-2025, go háirithe i gceantair thuaithe;

41. á chur in iúl gur oth léi nach n-aithnítear i gceart fós obair na mban tuaithe, go háirithe sa talmhaíocht; á chur i bhfios go ndéanann dífhostaíocht fholaithe agus rannpháirtíocht sa gheilleagar neamhfhoirmiúil difear níos mó do mhná i gceantair thuaithe, rud a chuireann le himirceach amach níos minice na mban óg; á chur i bhfáth go bhfuil gá le bearta spriocdhírithe chun na dúshláin shonracha atá rompu i margadh an tsaothair a shárú agus chun feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar sheirbhísí leormhaithe, lena n-áirítear cúram sláinte leathan, agus béim ar leith á leagan ar na grúpaí is leochailí a chuimsiú; á athdhearbhú a thábhachtaí atá cothromaíocht dhearfach oibre is saoil, agus í ag cur fáilte, i ndáil leis an méid sin, roimh an straitéis Eorpach um chúram atá ar na bacáin;

42. á áitiú gur gá feabhas a chur ar rannpháirtíocht na mban sa chinnteoireacht agus sa rannpháirtíocht pholaitiúil i gceantair thuaithe; á iarraidh ar na Ballstáit comhionannas inscne a chur chun cinn agus rannpháirtíocht chomhionann a chothú i ngach eagraíocht, comhlachas agus institiúid phoiblí tuaithe, i bpoist chinnteoireachta, in úinéireacht ghnó agus i rochtain ar phoist ardcháilíochta; á chur i bhfáth go bhfuil gá le hoiliúint spriocdhírithe agus forbairt scileanna, chomh maith le timpeallacht chumasúcháin, rochtain éascaithe ar acmhainní airgeadais agus cur chun cinn fhiontraíocht na mban i gceantair thuaithe;

43. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cuimsiú na mban san fheirmeoireacht a chur chun cinn, go háirithe trí fhéachaint an bhféadfaí tacú le comhúinéireacht feirmeacha Eorpacha; á iarraidh go n-aithneofaí go hiomlán obair na mban i ngníomhaíochtaí feirmeoireachta, go háirithe obair a bhaineann le cúnamh a thabhairt do chéilí agus na gcomhpháirtithe sa talmhaíocht, trí aitheantas dlíthiúil agus rochtain iomlán ar chearta slándála sóisialta a dheonú; á chur i bhfios go láidir ról na mban i gceantair thuaithe maidir le bogadh i dtreo na talmhaíochta inbhuanaithe agus san aistriú glas;

44. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról lárnach ag ceantair thuaithe san aistriú chuig geilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh carbóin de, lena n-áirítear bithgheilleagar agus foraoiseacht inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit glacadh tionscnamh ag gníomhaithe áitiúla a chumasú, amhail pobail fuinnimh tuaithe a chruthú, lena rannchuideofar le glacadh áitiúil le foinsí inathnuaite fuinnimh;

45. á chur i bhfáth nach mór do thionscnaimh i gceantair thuaithe, amhail bonneagar fuinnimh inathnuaite a fhorbairt, rannchuidiú go héifeachtach le beocht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil na limistéar sin agus an gá le glacadh sóisialta áitiúil a chur san áireamh; á áitiú gur cheart tosaíocht a thabhairt do chuspóirí an táirgthe bia agus do chosaint limistéar ardluacha comhshaoil, amhail limistéir Natura 2000;

46. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh tacaíochta a thabhairt do

cheantair thuaithe chun táirgeadh inbhuanaithe fuinnimh inathnuaite a leathnú, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana, trí chórais táirgthe agus stórála a dhílárú, eangacha fuinnimh a threisiú agus gairmithe cáilithe a oiliúint, chomh maith le húsáid foinsí inathnuaite fuinnimh a chur chun cinn mar bhealach chun rannchuidiú le neamhspleáchas fuinnimh, le héagsúlú ioncaim, agus leis an gcomhrac i gcoinne na bochtaineachta fuinnimh agus an athraithe aeráide; ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá sé ciorclaíocht feirme a mhéadú;

47. ag tabhairt dá haire a thábhachtaí atá micreaghiniúint ar fheirmeacha; á chur i bhfáth nár cheart d’fheirmeoirí a bheith faoi mhíbhuntáiste agus leictreachas á sholáthar acu isteach san eangach mar thoradh ar úsáid deontas poiblí, lena n-áirítear CBT;

48. á thabhairt chun suntais go bhfuil na rioscaí níos airde maidir le heisiamh sóisialta agus bochtaineacht fuinnimh i gceantair thuaithe mar gheall ar achair níos faide atá le cumhdach agus srianta soghluaisteachta i go leor ceantar tuaithe; á thabhairt chun suntais thairis sin go mbaineann na rioscaí sin le bonneagair agus le seirbhísí araon; á chur i bhfios go bhfuil gá le réitigh agus infheistíochtaí inrochtana, poiblí, glas agus nuálacha chun fás cothrom agus comhtháthú críochach a bhaint amach, i gcomhréir le haistriú fuinnimh inbhuanaithe;

49. á iarraidh go ndéanfaí pleanáil chuimsitheach bonneagair nach bhfágfaidh aon réigiún chun deiridh, eadhon trí infheistíocht phoiblí a threisiú agus trí chistí AE agus náisiúnta a chuireann le nascacht i gceantair thuaithe a chur chun feidhme go pras, trí thacú le córais iompair chomhtháite agus idirmhódúla agus trí thosaíocht a thabhairt do limistéir iargúlta agus dícheangailte sa ghréasán tras-Eorpach iompair;

50. á chur i bhfáth go n-ardaítear deiseanna nua do cheantair thuaithe leis an aistriú digiteach, nach bhfuil rochtain orthu ach amháin má tá cumhdach leathanbhanda leordhóthanach, seasmhach, ardluais agus inrochtana ann, nach bhfuil bainte amach sna ceantair thuaithe ar fad; á thabhairt chun suntais go méadaítear tarraingteacht na gceantar tuaithe leis an bhforbairt dhigiteach, go laghdaítear fadhbanna a bhaineann le hiargúltacht, go bhfeabhsaítear rochtain ar sheirbhísí agus go n-éascaítear digitiú sa talmhaíocht; á iarraidh go gcruthófaí ‘moil dhigiteacha’ ardluais a bheidh bunaithe go háitiúil agus a bheidh saincheaptha don chianobair;

51. ag tabhairt rabhaidh faoi na rioscaí a bhaineann le leathnú na bearna digití tuaithe mar thoradh ar easpa cumhdaigh 5G, agus á iarraidh ar na Ballstáit na hionstraimí uile atá ar fáil a shlógadh chun feidhmiú céimneach iomlán líonraí 5G a fheabhsú agus bacainní riaracháin a bhaint, le tacaíocht ar leith ó chistí bheartas comhtháthaithe AE agus ó phleananna Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát, ach infheistíochtaí príobháideacha freisin; á chur i bhfáth gur gá athbhreithniú tráthúil a dhéanamh ar na treoirlínte ábhartha maidir le Státchabhair do cheantair thuaithe nach bhfreastalaíonn an margadh orthu;

52. ag tarraingt aird ar an bhfíoras go bhféadfadh easpa comparáideach scileanna digiteacha i gceantair thuaithe bac a chur ar phobail tuaithe leas a bhaint as na deiseanna a ghabhann leis an digitiú agus bac a chur ar fhorbairt fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna);

53. á iarraidh go ndéanfaí bearta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an

leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil lena n-áiritheofar cuimsiú digiteach, go háirithe i gcomhthéacs aosú an daonra, agus scileanna digiteacha oiriúnaithe a chur chun cinn agus ag an am céanna tacú le timpeallacht chumasúcháin don nuálaíocht agus le réitigh dhigiteacha shaincheaptha a fhorbairt; á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht ag uirlisí digiteacha don talmhaíocht inbhuanaithe agus don fheirmeoireacht chliste, d'fhorbairt an tslabhra soláthair ghairid áitiúil agus do tharraingteacht earnáil na talmhaíochta d'fheirmeoirí óga;

54. á chreidiúint gur cheart sráidbhailte cliste a mheas mar thionscadal suaitheanta de chuid phlean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an tuath, chun a fhorbairt a chur chun cinn níos fearr tar éis 2020; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí cothroma príobháideacha poiblí sa chomhthéacs sin; á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht ag teicneolaíochtaí na cathrach cliste, ar cheart iad a chistiú go leormhaith, agus á chreidiúint go bhféadfadh ardán digiteach Ionad Margaidh na gCathracha Cliste[24] a bheith ina shamhail d'fhorbairt bhreise éiceachóras na sráidbhailte cliste; á chur i bhfáth gur cheart úsáid a bhaint as an modh um fhorbairt agus gheilleagar na tuaith LEADER agus as uirlisí cistiúcháin a bhaineann le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD) chun sráidbhailte cliste a fhorbairt tuilleadh;

55. ag tabhairt dá haire go bhfuil dúshláin fós roimh phobail tuaithe a bhaineann le rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus ar dheiseanna eacnamaíocha, agus go mbíonn méid áirithe neamhleanúnachais rompu maidir le pleanáil a bhaineann leis an deighilt idir ceantair thuaithe agus ceantair uirbeacha; á chur i bhfáth go bhfuil infheistíochtaí i gcosaint an chomhshaoil, i mbonneagar tuaithe agus i sláinte agus in oideachas tuaithe ríthábhachtach don fhorbairt tuaithe inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit critéir íosta leasa a bhunú ar cheart iad a áirithiú i ndáil le daonraí limistéar áirithe;

*4. Na chéad chéimeanna chun fís agus straitéis do cheantair thuaithe a shainiú*

56. á chur in iúl gur oth léi gur foilsíodh an teachtaireacht ón gCoimisiún go déanach, rud a chuir bac ar a chomhtháthú iomlán in ionstraimí reachtacha agus pleanáil an chreata reatha clársceidealaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit uile aghaidh mar is ceart ar an ngné chríochach tuaithe comhtháite agus faoi stiúir an phobail agus measúnú a dhéanamh ar a cur chun feidhme agus ar a tionchar i bpleananna straitéiseacha an chomhbheartais talmhaíochta, i gcláir an bheartais chomhtháthaithe, i gcláir an Chiste Eorpaigh Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta;

57. ag tathant ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha do chríocha tuaithe agus a bpobail le linn chur chun feidhme na gclár creata airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair, rochtain ar infheistíochtaí a bhfuil gá leo don chuimsiú sóisialta, d'feidhmíocht eacnamaíoch agus chomhshaoil agus do chruthú post a chur ar fáil agus a éascú, d'fhonn iomaíochas a chothú, aistriú cóir digiteach agus glas a chumasú agus tarraingteacht agus cáilíocht saoil i gceantair thuaithe a mhéadú; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na táscairí i gcláir AE agus meastóireacht a dhéanamh ar a n-ailíniú le cuspóirí na físe fadtéarmaí do cheantair thuaithe AE;

---

[24] https://smart-cities-marketplace.ec.europa.eu/?lang=ga

58. á chur in iúl gur geal léi plean REPowerEU ar féidir ról lárnach a bheith aige i laghdú an spleáchais ar bhreoslaí iontaise, go háirithe ar bhreoslaí de thionscnamh na Rúise, agus á thabhairt chun suntais an iliomad deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann do cheantair thuaithe i ndáil leis sin, ach á chur in iúl gur cúis mhór imní di na tograí chun méadú suntasach a dhéanamh ar an bhféidearthacht acmhainní a aistriú ó chistí bainistíochta comhroinnte, a bhféadfadh impleachtaí díobhálacha a bheith acu do phleanáil beartais mheántéarmach agus fhadtéarmach i dtreo aistriú cóir glas agus digiteach, lena n-áirítear do cheantair thuaithe;

59. á iarraidh ar na Ballstáit úsáid éifeachtach a bhaint as na deiseanna éagsúla cistiúcháin d'fhonn ionchais FBManna a fheabhsú freisin, i bhfianaise an róil thábhachtaigh atá acu maidir le fostaíocht a ghiniúint i gceantair thuaithe, agus á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán agus measúnú a dhéanamh i dtaobh an mbaineann a thacaíocht le ceantair thuaithe agus an dtéann sí chun tairbhe dá bpobail; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacú le fiontraíocht, leis an ngeilleagar sóisialta agus leis an nuálaíocht shóisialta, lena n-áirítear geilleagar na ndaoine scothaosta, go háirithe agus rannchuidiú á dhéanamh le chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

60. á iarraidh ar na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil chun tacú le ceantair thuaithe, lena n-áirítear dreasachtaí cánach do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí atá ag iarraidh socrú i gceantair thuaithe, arb é is aidhm dóibh cruthú post a éascú agus bunú cónaitheoirí nua a dhreasú, chomh maith le cuideachtaí príobháideacha a spreagadh chun cianobair a chur chun cinn, lena ndírítear ar dhídhaonrú a chomhrac go gníomhach; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar dheiseanna tacaíochta eile faoi chuimsiú na Státchabhrach i gceantair thuaithe a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu;

61. á chur in iúl gur oth léi na bacainní leanúnacha ar an gcur chuige ilchiste, cé go bhfuil luach ag baint leis, a chuireann bac ar chur chuige lánpháirtithe a úsáid i gceantair thuaithe, agus á iarraidh treoirlínte soiléire dá chur chun feidhme; á iarraidh ar an gCoimisiún togra reachtach a chur ar aghaidh go luath in 2023 lena gcuirfear síneadh leis an bhféidearthacht cur chuige an 'chiste ceannasaigh' a chur i bhfeidhm maidir le hidirghabhálacha arna gcómhaoiniú ag níos mó ná ciste bainistíochta comhroinnte amháin, agus é a shimpliú tuilleadh trína shonrú nach mór feidhm a bheith ag rialacha an chiste cheannasaigh ina n-iomláine; á iarraidh ar an gCoimisiún, ag an am céanna, féachaint ar roghanna malartacha ar chineálacha cur chuige ilchiste don fhorbairt chríochach chomhtháite;

62. á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar shineirgí agus ar chomhordú idir ionstraimí cistiúcháin AE amhail an beartas comhtháthaithe, CBT agus ionstraim téarnaimh NextGenerationEU, chomh maith le hionstraimí náisiúnta, le haghaidh forbairt tuaithe rathúil in AE; ag tathant ar an gCoimisiún togra reachtach spriocdhírithe a chur ar aghaidh go luath in 2023 chun aistriú acmhainní idir na cistí bainistíochta comhroinnte uile a chumasú agus tacaíocht á tabhairt do straitéisí críochacha tuaithe agus sineirgí idir cistí agus cláir á bhfeabhsú;

63. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh simplithe a shaothrú agus ualaí riaracháin a laghdú, eadhon trína riaracháin inmheánacha a chomhordú chun dúbailt cúraimí a sheachaint, go háirithe do thionscadail bheaga agus do mhicreamhaoiniú, atá

ríthábhachtach do cheantair thuaithe; ag tabhairt dá haire nach bhfuil roinnt ceantar tuaithe in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna cistiúcháin atá ar fáil mar gheall ar easpa faisnéise agus saincheisteanna acmhainneachta, agus go dteastaíonn tacaíocht uathu chun é sin a réiteach; á mheas gur beart éifeachtach é cur i bhfeidhm roghanna costais simplithe chun simpliú riaracháin a bhaint amach;

64. á chur i bhfáth an ról nach mór a bheith ag beartais agus cistí uile AE, idir bheartais agus chistí roinnte agus iad siúd atá faoi bhainistíocht dhíreach araon, chun tacú le ceantair thuaithe, trí ghné tuaithe a ionchorprú i ndearadh a mbeart agus a n-idirghabhálacha, agus á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhtháthú beartas; á iarraidh ar an gCoimisiún sásra a fhorbairt chun measúnú agus faireachán a dhéanamh ar an ranníocaíocht a dhéanann gach ciste le ceantair thuaithe;

65. á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar chur chun feidhme Airteagal 174 CFAE agus a áirithiú go gcuirfidh beartais uile AE an prionsabal 'gan dochar a dhéanamh don chomhtháthú' i bhfeidhm, go háirithe i gceantair thuaithe;

66. á mheabhrú go bhfuil beartas comhtháthaithe AE, lena bhféachtar le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn, ríthábhachtach do cheantair thuaithe, go háirithe na ceantair a bhfuil aird ar leith ag teastáil uathu; ag tabhairt dá haire, i gcomhréir le forálacha an bheartais chomhtháthaithe, nach mór do AE aird ar leith a thabhairt ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na réigiún agus na limistéar atá faoi mhíbhuntáiste;

67. á thabhairt chun suntais na conclúidí ó staidéar an Choimisiúin ar éifeachtacht LEADAR i réitigh a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus forbartha ar an leibhéal áitiúil agus chun rannchuidiú le réitigh a chur ar fáil d'fhorbairt inbhuanaithe tuaithe;

68. á iarraidh ar na Ballstáit tacú le CLLD, lena n-áirítear LEADER, chun rannpháirtíocht i ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla a spreagadh agus, ag an am céanna, cineálacha cur chuige ilchistí a éascú agus a chur chun cinn agus neamhspleáchas éifeachtach a áirithiú do ghrúpaí áitiúla gníomhaíochta i dtéarmaí a gcomhdhéanamh agus a gcinnteoireachta; á mheas go gcuirfí le straitéisí comhtháite níos láidre agus forbairt chríochach níos inbhuanaithe agus níos athléimní dá ndéanfaí cúnamh a chur ar leataobh go fóinteach d'fhorbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD) faoi gach ciste ábhartha ar leibhéal an Aontais, cosúil leis an gcúnamh sa Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT);

### *5. Prionsabal na comhpháirtíochta, rialachas agus cumhachtú na gceantar tuaithe*

69. á chur i bhfáth go ndéanfar comhtháthú sóisialta, nuálaíocht, fiontraíocht agus braistint chomhuintearais agus féiniúlachta níos láidre a chur chun cinn trí phobail tuaithe a chumhachtú, go háirithe sna ceantair is iargúlta, ar oileáin agus sna ceantair inar tearc an daonra agus sna ceantair is lú daonra, agus go mbeidh gá le hiarrachtaí fothaithe acmhainneachta níos láidre chun tionscadail a chur ar bun agus a chur chun feidhme; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil pobail tuaithe ríthábhachtach do chomhtháthú AE agus gur cheart tacú leo, dá bhrí sin, chun forbairt shocheacnamaíoch chothrom a spreagadh; á mheabhrú cineál sonrach na réigiún is forimeallaí mar a leagtar síos in Airteagal 349

CFAE agus á chur i bhfáth go bhfuil ceantair thuaithe sna réigiúin is forimeallaí faoi réir srianta breise, ina leith sin freisin;

70. á iarraidh go ndéanfar prionsabal na coimhdeachta a chur i bhfeidhm go héifeachtach, le beartais agus bearta tacaíochta pobalbhunaithe, díláraithe agus ó bhun aníos a mbeidh baint ag gníomhaithe áitiúla leo, lena n-áirítear feirmeoirí agus eagraíochtaí áitiúla, údaráis agus an tsochaí shibhialta, agus á áitiú, dá bhrí sin, nach mór dóibh ról gníomhach a bheith acu ón gcinnteoireacht go dtí forbairt, cur chun feidhme agus meastóireacht beartais, chun riachtanais gach críche a shainaithint ar an mbealach is fearr;

71. ag tabhairt dá haire, cé go mbeartaítear cur chuige rialachais agus comhpháirtíochtaí il-leibhéil i reachtaíocht an Aontais, go bhfuil cur i gcoinne a gcur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach, i roinnt Ballstát; á iarraidh ar na Ballstáit tacú leis na cineálacha cur chuige sin trí fhreagracht a leithdháileadh ar an leibhéal áitiúil rialachais iomchuí agus úinéireacht pholaitiúil mar aon le comhordú láidir ar bheartais agus ar infheistíochtaí ar gach leibhéal rialachais a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún idirphlé díreach agus struchtúrtha a choinneáil leis na leibhéil éagsúla rialachais atá rannpháirteach i mbainistiú bheartais AE a bhfuil tionchar láidir acu ar cheantair thuaithe;

### *6. An todhchaí tar éis 2027 a mhúnlú*

72. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún na gníomhaíochtaí atá déanta ag an Aontas agus ag na Ballstáit do cheantair thuaithe a mheas faoi lár na bliana 2023 agus tuarascáil phoiblí a ullmhú ar an mbonn sin go luath in 2024; á mheas go bhféadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag an meastóireacht sin, go háirithe trí na réimsí ina bhfuil gá fós le tacaíocht agus maoiniú feabhsaithe a shainaithint, agus go bhféadfaí an bealach a réiteach do straitéis tuaithe ón athbhreithniú meántéarma agus ón bplean gníomhaíochta tuaithe sa chlárthréimhse 2028-2034; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, na geallsealbhóirí ábhartha agus na húdaráis bhainistíochta uile a dhéanamh rannpháirteach go díreach sa mheastóireacht sin;

73. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar straitéisí agus cineálacha cur chuige beartais malartacha le haghaidh cur in iúl cistiúcháin sa chéad chlárthréimhse eile, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar an rogha maidir le straitéis náisiúnta amháin, i gcomhar leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, agus rialachán amháin le haghaidh na gcistí bainistíochta comhroinnte uile, chomh maith le bealaí nua chun prionsabal na comhpháirtíochta agus cur chuige an rialachais il-leibhéil a neartú, agus forbairt chríochach atá comhtháite go fírinneach i gceantair thuaithe a chur chun cinn;

74. á iarraidh go mbeadh gné láidir thuaithe i rialacháin maidir le beartas comhtháthaithe sa todhchaí, ar cheart go n-áireofaí cistiú tiomnaithe chuige sin iontu; á mholadh go ndéanfadh an Coimisiún staidéar a sheoladh, tar éis comhairliúchán poiblí, maidir leis an bhféidearthacht sciar de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus den Chiste Comhtháthaithe a chur ar leataobh do cheantair thuaithe, mar aon le hinfheistíochtaí tairbhiúla eile, agus aird ar leith á tabhairt ar réigiúin a bhfuil saintréithe áirithe acu amhail sléibhte, ceantair iargúlta, oileáin agus na réigiúin is forimeallaí;

75. á mheabhrú go bhfuil todhchaí agus rathúnas na gceantar tuaithe ríthábhachtach do

shlándáil bia, neamhspleáchas agus athléimneacht na hEorpa, chomh maith le meascán fuinnimh inbhuanaithe a rannchuidíonn le neamhspleáchas fuinnimh AE, mar atá léirithe go soiléir ag paindéim COVID-19 le déanaí agus ionradh na Rúise ar an Úcráin; á thabhairt chun suntais gur chumasaigh córais agraibhia rochtain leanúnach ar bhia ardcháilíochta le linn na ngéarchéimeanna sin, agus deiseanna nua á n-oscailt chun slabhraí soláthair bia a ghiorrú agus chun bia agus beatha áitiúil a tháirgeadh, go háirithe barra próitéine;

76. á iarraidh go bhforbrófar an fhís fhadtéarmach ina fíorstraitéis nithiúil intomhaiste tuaithe ar leibhéal AE, lena n-áirítear idirphlé straitéiseach maidir le comhar le limistéir uirbeacha, agus go ndéanfaí comhordú ar rannchuidiú chistí agus bheartais uile AE le ceantair thuaithe; á chur i bhfáth nach mór an straitéis sin a chomhtháthú go hiomlán i gclárthréimhsí amach anseo; á iarraidh ar na Ballstáit go léir straitéisí tuaithe a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena saineofar na bealaí agus na modhanna is gá chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a gcaithfidh ceantair thuaithe aghaidh a thabhairt orthu;

77. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh go tráthúil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag dícheangal CETFT ó na forálacha coiteanna le haghaidh cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1060, i bhforbairt cineálacha cur chuige comhtháite críochacha i gceantair thuaithe, agus measúnú a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige iomlánaíocha is gá don fhorbairt tuaithe agus ceachtanna a fhoghlaim do na chéad chlárthréimhse eile a mhéid a bhaineann lena n-ionchorprú féideartha;

### *7. Ceantair thuaithe lasmuigh den Aontas Eorpach*

78. á chreidiúint go bhfuil sé chun leas an Aontais ní hamháin comhpháirtíochtaí trasteorann a thógáil, agus comhpháirtíochtaí lasmuigh dá theorainneacha freisin chun sochaithe agus geilleagair tuaithe a bhfuil buntáistí frithpháirteacha fadtéarmacha ag baint leo a chur chun cinn; á chur i bhfáth ní hamháin go bhfuil comhar agus comhroinnt eolais tábhachtach sa phróiseas sin, ach nach mór cothrom na Féinne a áirithiú freisin;

79. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá na naisc comhair straitéiseacha idir an Afraic, Meiriceá Laidineach agus an Eoraip, ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh i gclár oibre na gníomhaíochta don chlaochlú tuaithe idir an Afraic agus an Eoraip, lena leagtar amach tionscnaimh atá ceaptha earnáil agraibhia agus críocha tuaithe na hAfraice a neartú ar bhealach inbhuanaithe; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, go mbeidh sé ar an airdeall i gcónaí i bhfianaise ról athraitheach na Síne agus tionchar straitéiseach méadaitheach ar mhór-roinn na hAfraice, i gcomhréir leis an rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le Straitéis nua idir AE agus an tSín[25];

80. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé foghlaim óna chéile agus leas a bhaint as acmhainneacht scéalta rathúla i roinnt ceantar tuaithe; á iarraidh, chun na críche sin, go ndéanfaí tuilleadh deiseanna a mhalartú agus ardáin a bhunú i gceantair thuaithe, agus ina measc, chun comhtháthú, dlúthpháirtíocht agus malartuithe ar fud an Aontais a chur

[25] IO C 117, 11.3.2022, lch. 40.

chun cinn;

°

° °

81. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**<u>Ceantair thuaithe na hEorpa, dúshláin, deiseanna agus an bealach don todhchaí.</u>**.

Is gné riachtanach de mhodh maireachtála na hEorpa iad ceantair thuaithe an Aontais agus tá siad ríthábhachtach d'fheidhmiú eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ár sochaí. Tá 137 milliún duine ina gcónaí iontu, 30.6 % de dhaonra an Aontais, ach clúdaíonn siad thart ar 83 % de limistéar iomlán an Aontais.

Tá ceantair thuaithe ríthábhachtach chun ár dtáirgeadh bia agus neamhspleáchas a chinntiú, chun ár acmhainní nádúrtha, ár dtírdhreacha agus ár mbithéagsúlacht, chomh maith lenár n-oidhreacht chultúrtha, a choimirciú. Tá an Rapóirtéir den tuairim gur féidir leo ról lárnach a bheith acu chun aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin shochaíocha reatha, trí sheirbhísí éiceachórais a chur ar fáil, chun an t-athrú aeráide agus an meath ar an gcomhshaol a mhaolú, táirgeadh inbhuanaithe bia a chur chun cinn agus aistriú cóir glas agus digiteach a éascú.

In ainneoin a láidreachtaí, tá dúshláin shuntasacha roimh cheantair thuaithe, go háirithe ceantair thuaithe iargúlta agus nach bhfuil chomh forbartha, dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu go fóill, dúshláin a bhfuil míshásamh méadaithe i measc daonraí tuaithe mar thoradh orthu, a bhraitheann nach gcuirtear a gcuid riachtanas san áireamh go leordhóthanach sa chinnteoireacht pholaitiúil, rud a chothaíonn díscor sibhialta agus polaitiúil. Le déanaí, tá dúshláin bhreise roimh cheantair thuaithe mar thoradh ar phaindéim COVID agus ar an gcogadh san Úcráin agus a bhfuil baint acu go háirithe le slándáil bia agus neamhspleáchas.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfáth go bhfuil cur chuige iomlánaíoch maidir le beartais agus gníomhaíochtaí ar leibhéal AE, i gcomhar le beartais náisiúnta agus réigiúnacha, fíorthábhachtach chun folláine shaoránaigh tuaithe na hEorpa a chinntiú. Ina theannta sin, tá siad ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá fós gan réiteach, eadhon titim i ndaonra agus dul in aois, níos lú deiseanna fostaíochta, easpa rochtana ar sheirbhísí ardchaighdeáin leasa ghinearálta, brúnna aeráide agus comhshaoil, nascacht níos ísle agus rochtain ar an nuálaíocht.

Áitíonn an Rapóirtéir nach mór do shaoránaigh tuaithe, amhail gach saoránach eile, tairbhe a bhaint as coinníollacha cothroma chun a spriocanna gairmiúla, sóisialta agus pearsanta a bhaint amach, agus béim ar leith á leagan ar na grúpaí is leochailí sa sochaí, agus ar an gcaoi sin cruth a thabhairt do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta go héifeachtach. I ndáil leis an méid sin, tá géarghá le hinfheistíochtaí spriocdhírithe agus le hidirghabhálacha beartais lena gcothaítear athnuachan éifeachtach glúine agus lena dtugtar aghaidh ar an mbearna inscne atá fós i roinnt réimsí. Go deimhin, tá sé ríthábhachtach teagmháil a dhéanamh le gach duine agus a chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé ríthábhachtach éagsúlú agus nuálaíocht an gheilleagair thuaithe, bunaithe ar acmhainneacht áitiúil, a bhaint amach d'fhonn an acmhainneacht iomlán a ghabhann leis an aistriú digiteach agus glas a bhaint amach, agus béim á leagan ar an ról ríthábhachtach atá ag an ngníomhaíocht talmhaíochta i gceantair thuaithe ag an am céanna. Trí thalmhaíocht inbhuanaithe, a chuirfidh ioncam cóir ar fáil d'fheirmeoirí agus táirgí ar ardchaighdeán do thomhaltóirí, agus lena gcuirfear le cosaint an chomhshaoil, spreagfar

athléimneacht, beocht, agus rathúnas na gcríoch sin.

Is féidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip deiseanna nua a chur ar fáil i gceantair thuaithe, eadhon an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá sé ríthábhachtach go n-áiritheofar leis na deiseanna sin aistriú cóir agus cuimsitheach, agus go rannchuideoidh siad go héifeachtach le beocht eacnamaíoch agus shóisialta na bpobal tuaithe, a mbíonn rioscaí níos airde bochtaineachta fuinnimh agus eisiaimh shóisialta ag baint leo freisin, sa bhreis ar na deacrachtaí struchtúracha inginiúla nach bhfuil aghaidh á tabhairt orthu.

Tá cumhdach leordhóthanach ar sheirbhís leathanbhanda atá cobhsaí agus inrochtana, fothú acmhainneachta digití agus timpeallacht chumasúcháin le haghaidh nuálaíocht dhigiteach tuaithe ina bpríomhdhálaí chun go mbeidh ceantair thuaithe in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna nua a ghabhann le haistriú digiteach. D'fhéadfadh sé acmhainneacht gan teorainn a chur ar fáil sna hiarrachtaí chun feabhas a chur ar shaol daoine agus an tionchar diúltach a bheadh ag nascacht laghdaithe, oileánachas agus iargúltacht a mhaolú, trí chur i bhfeidhm forbairtí teicneolaíocha nua amhail teicneolaíochtaí teileashláinte, réitigh ríomhrialtais agus seirbhísí oideachais a chumasú, trí bhealaí nua foghlama a oscailt, tríd an eolas domhanda a úsáid agus trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chothú.

**<u>Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh, na chéad céimeanna agus gníomhaíocht sa todhchaí i dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil.</u>**

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an bhfís fhadtéarmach do cheantair thuaithe AE agus aontaíonn sí lena aidhmeanna ginearálta. Measann sí gur deis an-luachmhar í chun infheictheacht pholaitiúil a thabhairt don díospóireacht thráthúil agus chun an ghníomhaíocht phráinneach a bhfuil géarghá léi a threisiú i ndáil le ceantair thuaithe faoi láthair agus amach anseo.

Is deis í an Teachtaireacht seo freisin láidreachtaí agus luach na gceantar tuaithe a thabhairt chun solais, ag díriú ar theachtaireachtaí dearfacha agus cuiditheacha, amhail na tionscadail nuálacha atá ar siúl idir eolaíocht, cruthaitheacht agus eolas sinseartha, a mheallann daoine óga agus daoine ó cheantair uirbeacha.

Déantar foráil sa Teachtaireacht maidir le sraith tionscnamh agus uirlisí beartais a chuirfidh ar chumas na gceantar tuaithe an leas is fearr is féidir a bhaint as a n-acmhainneacht.

Tá an Plean Gníomhaíochta Tuaithe ceaptha deiseanna a chruthú chun comhtháthú críochach na gceantar tuaithe a chur chun cinn. Measann an Rapóirtéir gur cheart an plean gníomhaíochta sin a fhorbairt ina ionstraim bhuan dhinimiciúil, solúbtha agus inchoigeartaithe don fhorbairt ar an láthair, agus iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tosaíocht is airde a thabhairt dá chur chun feidhme, agus spriocanna soiléire á leagan síos chun spriocanna a bhaint amach maidir le ceantair thuaithe níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla a bhaint amach faoi 2040.

Tacaíonn an Rapóirtéir go hiomlán le Comhshocrú um an Tuath a fhorbairt, ar gá dó teacht i ngealltanais dhaingne agus i bplean gníomhaíochta éifeachtach, le sainiú soiléir ar chuspóirí nithiúla, seachadtaí, córas rialachais agus faireacháin agus freagrachtaí institiúideacha, má táthar ag iarraidh na mianta atá ann a bhaint amach chomh maith le riachtanais agus ionchais na gceantar tuaithe.

Is mithid sásra a bheith ann chun an tionchar agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag beartais Eorpacha a shainaithint agus a chur san áireamh le linn a dtionscnamh, a n-athbhreithnithe agus a measúnaithe ar cheantair thuaithe, agus ní mór iad a chur chun feidhme go héifeachtach agus go pras. Tathantaíonn an Rapóirtéir ar na Ballstáit forbairt agus cur chun feidhme sásraí éifeachtacha um promhadh leas na tuaithe a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta, ag baint tairbhe as taithí agus cúnamh an Choimisiúin.

Is oth leis an Rapóirtéir gur seoladh an teachtaireacht ón gCoimisiún déanach, lena gcuireadh bac ar a lánpháirtiú iomlán sa chreat reatha clársceidealaithe, pleanáil beartais agus idirghabhálacha chun leas iomlán a bhaint as a hacmhainneacht.

Creideann an Rapóirtéir go láidir go bhfuil tograí nithiúla le haghaidh gníomhaíocht ghearrthéarmach láithreach i gceantair thuaithe ag teastáil láithreach bonn. Dá bhrí sin, iarrann sí ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar san áireamh mar is ceart an ghné chríochach tuaithe agus go ndéanfar measúnú bliantúil ar a cur chun feidhme agus ar a tionchar i bpleananna straitéiseacha CBT, i gcláir an bheartais chomhtháthaithe agus sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta. Meabhraíonn sí freisin go gcaithfidh gach beartas agus ciste Eorpach, idir bheartais chomhroinnte agus chistí bainistíochta dírí, a ról a bheith acu maidir le tacú le ceantair thuaithe.

Ag an am céanna, ní mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha na gceantar tuaithe le linn chur chun feidhme na gclár CAI reatha agus na hinfheistíochtaí is gá a chur ar fáil don chuimsiú sóisialta agus do chruthú post, d'fhonn iomaíochas a chothú agus aistriú cóir digiteach agus glas a chumasú;

D'fhéadfadh an cur chuige ilchiste cabhrú go suntasach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na tuaithe ar bhealach níos comhtháite. Tá bacainní leanúnacha fós ann, áfach, agus iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún feabhas a chur ar shineirgíochtaí agus ar chomhordú idir ionstraimí cistiúcháin AE, agus le hionstraimí náisiúnta, chomh maith le simpliú a lorg, go háirithe do thionscadail bheaga, atá ríthábhachtach do cheantair thuaithe.

Cuireann an Rapóirtéir in iúl go bhfuil ceantair thuaithe na hEorpa an-éagsúil. Tá dúshláin éagsúla roimh ceantair thuaithe gar d'ionaid uirbeacha, i limistéir iargúlta nó i limistéir shléibhtiúla, agus sna réigiúin is forimeallaí, agus dá bhrí sin, tá straitéisí agus réitigh forbartha spriocdhírithe ag teastáil ina leith.

I staidéar a chuir an Coimisiún chun cinn le déanaí, dearbhaítear ina chonclúidí éifeachtacht LEADER i réitigh a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus forbartha ar an leibhéal áitiúil agus chun rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe tuaithe ar fud an Aontais Eorpaigh. Iarrann an Rapóirtéir ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh LEADER/CLLD, cineálacha cur chuige ilchistí a éascú agus a chur chun cinn, agus é á mheas ag an am céanna go gcuirfí le forbairt chríochach inbhuanaithe níos láidre dá ndéanfaí CLLD a chur in áirithe ar leibhéal AE, lena n-áirítear CETFT.

Mar gheall ar an ilchineálacht sin, tá beartais níos pobalbhunaithe agus réitigh shaincheaptha ag teastáil, ina mbeadh gníomhaithe áitiúla, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí ón tsochaí shibhialta rannpháirteach, agus áitíonn an Rapóirtéir, dá bhrí sin, nach mór dóibh ról gníomhach a bheith acu ag gach céim den fhorbairt beartas, ón gcinnteoireacht go dtí cur chun feidhme agus meastóireacht beartais. Tugann a rannpháirtíocht breisluach leis an taithí uathúil agus leis an eolas ar na dúshláin éagsúla atá ann ar an láthair. Thairis sin, tá ról tábhachtach ag

geallsealbhóirí i gcinntí a dhéanamh maidir le dlisteanacht pholaitiúil agus úinéireacht pholaitiúil na n-idirghabhálacha a fhorfheidhmiú. Creideann an Rapóirtéir go daingean go ndéanfar comhtháthú sóisialta agus braistint muintearais níos fearr a chur chun cinn leis sin.

Tá fothú acmhainneachta ríthábhachtach, go háirithe sna ceantair is iargúlta agus is lú daonra chun gur féidir le pobail tuaithe guth níos láidre a bheith acu agus próisis chinnteoireachta á múnlú.

Mar sin féin, cé go ndéantar foráil i reachtaíocht an Aontais maidir le cur chuige agus comhpháirtíochtaí il-leibhéil rialachais, feictear cur i gcoinne fós agus na prionsabail sin á gcur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach. Ní mór do na Ballstáit na cineálacha cur chuige sin a chothú trí fhreagracht a leithdháileadh ar an leibhéal áitiúil iomchuí agus úinéireacht pholaitiúil a áirithiú mar aon le comhordú láidir ar bheartais agus ar infheistíochtaí ar gach leibhéal rialachais.

Iarrann an Rapóirtéir go bhforbrófaí an fhís fhadtéarmach mar fhíorstraitéis tuaithe ar leibhéal Eorpach lena lánpháirtiú go hiomlán sna chéad tréimhsí clársceidealaithe eile agus tathantaíonn sí ar gach Ballstát straitéisí tuaithe a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta. Measann sí freisin gur cheart go réiteofaí an bealach leis an ngníomhaíocht um athbhreithniú ar chúrsaí a d’fhógair an Coimisiún faoi lár 2023 chun Plean Gníomhaíochta Tuaithe maidir leis an gclárthréimhse 2028-2034 a chomhtháthú go hiomlán.

Measann an Rapóirtéir go bhfuil sé an-tábhachtach go ndéanfadh an Coimisiún measúnú ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an díscor ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) ó Rialachán na bhForálacha Coiteanna i bhforbairt cur chuige críochach comhtháite i gceantair thuaithe, agus é ag tarraingt eolais leordhóthanach ar na tograí don chéad chlárthréimhse eile.

Is gníomhaí domhanda é an tAontas Eorpach a rannchuidíonn le síocháin agus forbairt idirnáisiúnta agus a bhfuil leas láidir aige i gcomhpháirtíochtaí a thógáil lasmuigh dá theorainneacha chun sochaithe agus geilleagair tuaithe a bhfuil buntáistí frithpháirteacha fadtéarmacha ag baint leo a chur chun cinn.

Mar fhocal scoir, creideann an Rapóirtéir go bhfuil ról ríthábhachtach ag ceantair thuaithe Eorpacha chun rannchuidiú le feidhmiú eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ár mór-roinne. Ní féidir róbhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann leo agus is túsphointe mhaith é an Fhís Fhadtéarmach seo i dtreo na todhchaí agus tá gá le gníomhaíocht láidir éifeachtach anois chun leasa na gceantar tuaithe atá ag obair leis na gníomhaithe uile agus ar gach leibhéal d’fhonn ceantair thuaithe a dhéanamh níos láidre, níos nasctha, níos athléimní agus níos rathúla.

20.6.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH

chuig an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

ar fhís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais - i dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil faoi 2040 (2021/2254(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Álvaro Amaro

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2021 maidir le fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe AE, lena n-áirítear a thiomantas gan aon duine nó aon áit a fhágáil ar lár agus an tAontas a thabhairt níos gaire dá shaoránaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé díriú ar cheantair thuaithe chomh maith le naisc tuaithe-uirbeacha agus gur gá aghaidh a thabhairt go sonrach ar na dúshláin agus ar an acmhainneacht a bhaineann leo; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfanfaidh forbairt na gceantar tuaithe go hard ar chlár oibre an Aontais, mar go bhfuil ról gníomhach ag ceantair thuaithe in aistrithe glasa agus digiteacha an Aontais;

2. á chur in iúl gur geal léi an Comhshocrú Tuaithe nua a sheol an Coimisiún an 20 Nollaig 2021, a bhfuil sé mar aidhm leis gníomhaithe ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil a spreagadh chun tacú le comhspriocanna na físe fadtéarmaí, chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chothú agus chun freagairt a thabhairt ar thoilmhianta coiteanna na bpobal tuaithe trí gheallshealbhóirí agus gníomhaithe a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bpobal an Chomhshocraithe Tuaithe agus a gcuid barúlacha agus a gcuid smaointe a chomhroinnt maidir lena chur chun feidhme agus maidir lena fhorbairt amach anseo; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, plean gníomhaíochta tuaithe AE agus an sásra um promhadh leas na tuaithe atá ceaptha chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a

bheidh ag tionscnaimh AE amach anseo ar cheantair thuaithe;

3. ag tabhairt dá haire go bhforáiltear le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2021/1058 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus leis an gCiste Comhtháthaithe (CC) do thacaíocht do réigiúin agus do cheantair faoi mhíbhuntáiste, amhail na réigiúin agus na ceantair sin a bhfuil míbhuntáistí geografacha nó déimeagrafacha acu;

4. á chur in iúl gurb oth léi nár tíolacadh an fhís fhadtéarmach ach tar éis na caibidlíochtaí faoi rialacháin maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus leis an gcomhbheartas talmhaíochta le haghaidh 2021-2027 a thabhairt chun críche agus tar éis buiséad an Aontais don tréimhse sin a bheith glactha cheana féin agus tar éis don chuid is mó de na Ballstáit a n-infheistíochtaí a phleanáil cheana féin faoin tSaoráid um Théarnamh agus um Athléimneacht; á mheabhrú go bhfuil sineirgí idir na cistí sin agus modhanna ábhartha eile de chuid an Aontais, náisiúnta agus réigiúnacha ríthábhachtach do thodhchaí na gceantar tuaithe agus dá ndaonraí;

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé léirithe ag géarchéim COVID-19 go santaíonn saoránaigh AE an saol faoin tuath agus gur thuig siad go bhféadfaí cuid den fhreagairt ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair a aimsiú i gceantair thuaithe, ina gcuirtear raon leathan deiseanna ar fáil, lena n-áirítear teilea-obair;

6. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl go soiléir ina cuid conclúidí gur gá gníomhú ar son ceantair thuaithe, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá acu, lena n-áirítear ceantair a bhfuil sainiúlachtaí geografacha acu amhail na réigiúin sléibhe, na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí, na ceantair thuaisceartacha inar tearc an daonra agus ceantair eile a bhfuil dlús íseal daonra iontu;

7. á mheabhrú go bhfuil roinnt dúshlán roimh cheantair thuaithe san Aontas, amhail daonra atá ag dul in aois, as a n-eascraíonn laghdú ar líon na ndaoine atá in aois oibre, chomh maith le margadh saothair lag, easpa bonneagair agus seirbhísí, geilleagar lag-éagsúlaithe, an meascán d’ioncam íseal agus baol níos airde bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, tréigean talamh feirme, easpa saoráidí oideachais, rátaí arda luathfhágála scoile agus an scoilt dhigiteach;

8. á chur in iúl, ina theannta sin, go bhfuil an dúshlán déimeagrafach a dhéanann difear do dhaonra na tuaithe fíorghéar i ndaonra feirmeoireachta AE, ós rud é go bhfuil formhór na bhfeirmeoirí os cionn 55 bliana d’aois, agus go bhfuil feirmeoirí óga gann, agus go bhfuil fadhb ann maidir le hathnuachan glúine sa talmhaíocht, agus ról ríthábhachtach ag feirmeoirí ní hamháin maidir le bia a tháirgeadh do shaoránaigh AE, ach maidir le beocht a chur i gceantair thuaithe freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, straitéisí a fhorbairt chun na críche sin;

9. á chur i bhfáth, in ainneoin na bhfadhbanna thuasluaite, go bhfuil deiseanna maithe le baint sna ceantair thuaithe agus gur mór an áis don Aontas a n-éagsúlacht, toisc go gcuireann siad acmhainní bia agus comhshaoil ar fáil agus gur féidir leo cur leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, ag soláthar roghanna malartacha ar bhreoslaí iontaise agus ag forbairt an gheilleagair chiorclaigh;

10. á iarraidh go ndéanfaí níos mó infheistíochta sa digitiú i gceantair thuaithe agus á chur i

bhfios go bhfuil an nascacht dhigiteach ríthábhachtach chun bonneagar, seirbhísí poiblí agus seirbhísí sláinte agus gníomhaíochtaí a sholáthar do shaol an duine ó lá go lá chun cosc a chur ar dhídhaonrú na gceantar tuaithe;

11. á chur i bhfios go bhfuil OTI per capita atá go mór faoi bhun an mheáin Eorpaigh ag ceantair thuaithe; á mheabhrú go bhfuil beartas comhtháthaithe AE, lena bhféachtar le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach an Aontais a chur chun cinn, thar a bheith tábhachtach do cheantair thuaithe, go háirithe na ceantair sin a bhfuil aird ar leith ag teastáil uathu de bhun Airteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE); á mheabhrú, ina theannta sin, go n-aithnítear le beartas comhtháthaithe AE ról tábhachtach na talmhaíochta inbhuanaithe agus go mbaineann gach leibhéal rialachais leis, go háirithe údaráis áitiúla agus réigiúnacha;

12. á chreidiúint gur fearr a thuigeann pobail áitiúla agus réigiúnacha, in éineacht le gnólachtaí áitiúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) agus grúpaí áitiúla gníomhaíochta (LAGanna), na dúshláin atá roimh phobail tuaithe; ag cur béim ar an bhfíoras, mar chomhreachtóir, gur cheart sásra um promhadh leas na tuaithe a dhéanamh éigeantach chun measúnú a dhéanamh ar thionchar thionscnaimh reachtacha AE ar cheantair thuaithe agus ag moladh do na Ballstáit sásra den chineál sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;

13. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an cur chuige ón mbun aníos maidir le forbairt tuaithe agus áitiúil a neartú, ar bealach é don nuálaíocht shóisialta agus don fhothú acmhainní lena dtugtar cumhacht do shaoránaigh tuaithe trína cheadú dóibh úinéireacht a ghlacadh ar fhorbairt a bpobal trí straitéisí agus tionscadail a cheapadh agus a chur chun feidhme;

14. á iarraidh go molfadh an Coimisiún sainmhíniú aonair uile-Aontais ar cheantair thuaithe fheidhmiúla; á chur in iúl gur geal léi an togra maidir le faireachlann tuaithe AE a chruthú chun bailiú agus anailís sonraí a fheabhsú tuilleadh; á thabhairt chun suntais gur cheart do na Ballstáit sainiúlachtaí gach Ballstáit agus gach réigiúin a chur san áireamh agus pleananna forbartha tuaithe á ndréachtú acu;

15. á thabhairt chun suntais go n-áirithítear leis an gcur chuige forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail (CLLD), cosúil le clár LEADER, go mbeidh baint ag saoránaigh an Aontais i gceantair thuaithe leis an bpróiseas cinnteoireachta agus cur chun feidhme, mar a léirítear leis an rath ollmhór atá air san fhorbairt tuaithe agus réigiúnach, go háirithe san fhadtéarma; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit clár LEADER a threisiú trí ardleibhéal neamhspleáchais a ráthú do na grúpaí gníomhaíochta áitiúla maidir lena gcinnteoireacht agus lena mbunreacht, sa chaoi nach bhfuil dearadh ón mbarr anuas ar cheantair agus ar shráidbhailte le hathghrúpáil laistigh de ghrúpa gníomhaíochta áitiúil ach go bhfuil neamhspleáchas ag sráidbhailte teacht le chéile agus dul i bpáirt le chéile laistigh de ghrúpa den sórt sin, an t-ualach riaracháin ar údaráis áitiúla a laghdú agus rochtain a shimpliú, an úinéireacht áitiúil ar thionscadail forbartha faoi stiúir an phobail a chur chun cinn, agus an rannpháirtíocht i ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla a spreagadh; á iarraidh, idir an dá linn, go ndéanfaí forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a neartú laistigh den bheartas comhtháthaithe ar an iomlán agus go mbeadh rannpháirtíocht níos leithne i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a ráthú go n-áireofar sa tionscnamh maidir leis an bhfís fhadtéarmach le haghaidh ceantair thuaithe réitigh phraiticiúla agus modhanna tacaíochta chun dul i ngleic leis na hathruithe déimeagrafacha atá os comhair ceantair thuaithe, agus á athdhearbhú gur gá tionscadail chomhtháite a chur chun feidhme bunaithe ar na cláir faoin gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), ar an mbeartas comhtháthaithe, ar phleananna straitéiseacha náisiúnta faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus ar na hionstraimí a leagtar síos sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar plean straitéiseach gach Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta, mar aon le cláir faoi na cláir reatha maidir leis an mbeartas comhtháthaithe, a chur le chéile i gcomhréir le cuspóirí an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’, an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na straitéisí ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus bithéagsúlachta, agus go léireofar leis na pleananna agus na cláir sin tréithe sonracha gach réigiúin;

18. á chur i bhfios go láidir go ndéanann oibrithe ar phá íseal, go háirithe oibrithe séasúracha a mhaireann go minic faoi dhálaí contúirteacha, sciar suntasach den obair in earnálacha talmhaíochta agus bia AE a chur i gcrích; á thabhairt chun suntais gur gá, dá bhrí sin, ról chlár oibre sóisialta an Aontais a neartú chun íosphá níos airde, dálaí maithe oibre agus lánpháirtiú sóisialta a bhaint amach;

19. á iarraidh go bhfaigheadh ceantair thuaithe rochtain níos fearr ar mhaoiniú chun infheistíochtaí san aistriú áitiúil fuinnimh a éascú, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, dáileadh díláraithe fuinnimh agus an geilleagar ciorclach chomh maith le táirgeadh agus tomhaltas áitiúil;

20. á iarraidh go mbeidh gné tuaithe níos láidre i rialacháin an bheartais chomhtháthaithe amach anseo, lenar cheart go n-áireofaí cistiú tiomnaithe chuige sin trí chur chuige ilchiste agus trí shineirgí agus comhlántachtaí idir cistí AE amhail Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF); á mholadh gur cheart don Choimisiún staidéar a sheoladh, tar éis comhairliúchán poiblí, maidir leis an bhféidearthacht sciar de Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus den Chiste Comhtháthaithe a chur ar leataobh do cheantair thuaithe, mar aon le hinfheistíochtaí tairbhiúla eile, go háirithe do na ceantair sin a chuimsíonn níos mó ná réigiún amháin; á chur in iúl gurb eol di go ndeachaigh beagnach 25 % de na hinfheistíochtaí uile faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe do 2014-2020 chuig ceantair thuaithe, áit ar thuairiscigh na húdaráis náisiúnta an suíomh[26], agus go bhfuil thart ar 30 % de dhaonra AE ina gcónaí i gceantair thuaithe, arb ionann iad agus os cionn 80 % de chríoch AE[27]; á chur i bhfios go láidir gur cheart aird ar leith a thabhairt ar réigiúin a bhfuil sainiúlachtaí geografacha acu amhail na réigiúin sléibhe, na réigiúin oileánacha agus na réigiúin is forimeallaí, ceantair thuaisceartacha inar tearc an daonra agus ceantair eile a bhfuil dlús íseal daonra iontu; á iarraidh ar na Ballstáit dáileadh cothrom

[26] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 30 Meitheamh 2021 a ghabhann lena theachtaireacht maidir le fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais (SWD(2021)0166), lch. 118.
[27] Mar a luaitear sa chéad mhír den teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais.

na tacaíochta airgeadais a chur ar fáil do cheantair thuaithe chun forbairt chothrom a áirithiú laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát araon; á mheas go bhfuil sé tábhachtach obair chistí éagsúla an Aontais a chomhordú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil;

21. á iarraidh go ndéanfaí an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a athimeascadh sa bheartas comhtháthaithe, mar go gcuimsítear leis an bhforbairt tuaithe ní hamháin an talmhaíocht ach an fhorbairt réigiúnach trí chur chuige iomlánaíoch;

22. ag tarraingt aird ar na dúshláin ar leith atá os comhair ceantair thuaithe a bhfuil athrú struchtúrach ag tarlú iontu nó ar na próisis claochlaithe is gá chun an t-aistriú glas a chur i gcrích, amhail úsáid nó táirgeadh fuinnimh;

23. á chur i bhfios go láidir gur cheart gurbh é príomhchuspóir na físe fadtéarmaí an dídhaonrú, an imirce daoine oilte, an t-aosú, tréigean na tuaithe agus an t-athrú aeráide a chomhrac chun ceantair thuaithe a dhéanamh níos tarraingtí, lena n-áirítear trí infheistíocht i mbonneagar inbhuanaithe agus trí sheirbhísí poiblí agus príobháideacha leormhaithe a sholáthar amhail fuinneamh, cúram sláinte, oideachas agus oiliúint, cultúr, nascacht éifeachtúil agus digitiú, miondíol, poist, seirbhísí baincéireachta agus sóisialta chomh maith le réitigh nuálacha soghluaisteachta agus éagsúlú eacnamaíoch, lena n-áirítear infheistíocht sna tionscail chruthaitheacha agus sa turasóireacht, cruthú post agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go bhfuil na cláir mhaoinithe reatha de chuid an Aontais comhlántach leis na gnéithe éagsúla atá ábhartha d'fhorbairt na tuaithe, agus ar bhonn sineirge leo, chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu;

24. á chur i bhfios go láidir gur gá feabhas mór a chur ar an rochtain ar chúram sláinte agus ar réitigh nuálacha cúraim sláinte i gceantair thuaithe trí réitigh agus seirbhísí leighis iomchuí agus taistil, i gcás inar gá, amhail busanna atá feistithe go cuí inar féidir le daoine i gceantair thuaithe dul faoi scagthástálacha nó faoi chomhairliúcháin choisctheacha;

25. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé slándáil an tsoláthair bia a áirithiú agus an ról tábhachtach atá ag feirmeoirí beaga agus meánmhéide chun é sin a bhaint amach, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le feirmeoirí óga a mhealladh chun banú na gceantar tuaithe a chosc;

26. á chur i bhfáth gur gá aistriú chuig modhanna táirgthe inbhuanaithe, forbairt slabhraí soláthair gairide agus táirgí próiseála a spreagadh ar an leibhéal áitiúil chun bia ardchaighdeáin agus sláintiúil a fhaightear trí mhodhanna níos inbhuanaithe a chur ar fáil do thomhaltóirí, lena bhféadfar deiseanna nua a chruthú d'fheirmeoirí agus don gheilleagar tuaithe;

27. á chur i bhfáth gur gá gníomhaíochtaí eacnamaíocha i gceantair thuaithe a éagsúlú trí mhodhanna táirgthe ísealcharbóin a úsáid chun nideoga agus deiseanna nua a chruthú a chuirfidh ar chumas pobal tuaithe poist nua a thairiscint in earnálacha eile seachas earnáil an agraibhia;

28. á chur i bhfios go láidir gur minic a bhíonn poist nó deiseanna eacnamaíocha eile gann agus a bhíonn tuarastail íseal, gur gnách go mbogann lucht saothair a bhfuil oideachas

agus oiliúint orthu go dtí ceantair ina bhfuil níos mó deiseanna fostaíochta – treocht a chuireann tuilleadh leis an staid contúirteach sna ceantair thuaithe; ag cur sonrú sa mhéadú atá tagtha ar dheiseanna nua maidir le cianobair agus á iarraidh go gcruthófaí spásanna oibre coiteanna agus 'oifigí baile' chun daoine a oibríonn go cianda i gceantair thuaithe a nascadh agus ar an gcaoi sin iad a spreagadh chun fanacht sna réigiúin sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, córas deontas fostaíochta tuaithe a chur ar bun san Aontas lena gcuirfear ar chumas na mBallstát agus a gcuid réigiún an tréigean ón tuath a aisiompú agus a chur ina luí ar chianoibrithe athlonnú go ceantair thuaithe a bhfuil fáil iontu ar an dúlra agus cíos níos saoire agus lorg carbóin níos ísle;

29. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag bonneagar agus tionscnaimh chultúrtha i gceantair thuaithe maidir le comhtháthú sóisialta, tarraingteacht chríochach agus dinimiceas eacnamaíoch chun daoine a nascadh agus malartuithe cultúrtha a chruthú; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht chomhordaithe do na tionscadail chultúrtha sin, go háirithe trí chistí struchtúracha AE chun a áirithiú go mbeidh na hinfheistíochtaí gaolmhara éifeachtach agus inbhuanaithe; á iarraidh, ina theannta sin, go mbunófaí tionscadail shonracha i gcomhar le geallsealbhóirí i gceantair thuaithe;

30. á chur i bhfáth gur gné de thalmhaíocht na hEorpa iad feirmeacha teaghlaigh, agus gur baill teaghlaigh d'oibrithe talmhaíochta eile iad thart ar 90 % den 22 milliún oibrí talmhaíochta; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart aird ar leith a thabhairt ar theaghlaigh agus ar mhná i gceantair thuaithe agus tacaíocht shóisialta struchtúrach agus cláir forbartha réigiúnaí á gceapadh acu;

31. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht don chomhionannas agus don phríomhshruthú inscne, go háirithe i gceantair thuaithe; ag cur sonrú i rannchuidiú sonrach na mban i gceantair thuaithe, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach acu sa tsochaí shibhialta agus san fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus, ag an am céanna, go gcaithfidh siad dul i ngleic le deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair agus ar sheirbhísí poiblí amhail sláinte agus cúram leanaí; ag cur béim ar ról na mban óg i gceantair thuaithe agus ar a soghabhálacht a bheith i ndrochbhail i sochaithe tuaithe;

32. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá straitéisí um speisialtóireacht chliste do thodhchaí na gceantar tuaithe, go háirithe maidir le daoine óga, mná, an nuálaíocht, comhroinnt eolais agus comhar, lena n-áirítear an Fóram Start-up Village agus an Fóram Eorpach um Sráidbhailte Cliste; á dhearbhú gur céim thábhachtach chun cinn é comhionannas inscne a bhaint amach, mar a leagtar síos i Rialachán na bhForálacha Coiteanna atá ann faoi láthair, a d'fhéadfadh cabhrú le AE aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha ina réigiúin, agus cuimsiú na mban a chur chun cinn agus ráta fostaíochta na mban a mhéadú ag an am céanna;

33. á iarraidh go ndéanfaí tionscadal suaitheanta de shráidbhailte cliste, seachas iad a bheith mar chuid den ghníomhaíocht shuaitheanta maidir le taighde agus nuálaíocht do cheantair thuaithe; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha laistigh d'éiceachóras cliste na sráidbhailte mar phríomhdheiseanna do dhaoine féinfhostaithe, do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do chruthú post, don nuálaíocht, do tharraingteacht na tuaithe agus don chomhrac i gcoinne an dídhaonraithe;

34. ag cur sonrú san éifeacht dhaonlathaithe agus dhíradacaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an gcur chuige ó bhun aníos sna sráidbhailte cliste do dhaonra tuaithe atá tar éis úinéireacht a ghlacadh ar a chomhphobal;

35. ag cur sonrú sna deiseanna a d'fhéadfaí a chur ar fáil leis an aistriú glas agus an geilleagar glas ó thaobh deiseanna fostaíochta de, lena n-áirítear poist ghlasa, athléimneacht tuaithe a mhéadú i gcoinne tubaistí nádúrtha, an athraithe aeráide agus géarchéimeanna eacnamaíocha agus aird athnuaite a thabhairt ar cheantair thuaithe, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, na tionscnaimh atá ar siúl faoi láthair le haghaidh aistriú fuinnimh na gceantar tuaithe; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ceantair thuaithe maidir le neamhthuilleamaíocht bhia agus fuinnimh agus amhábhair in-athnuaite a áirithiú san Eoraip; ag leagan béim ar phoitéinseal an gheilleagair bhithigh agus chiorclaigh agus na seirbhísí dúlra a chuireann ceantair thuaithe ar fáil; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil an próiseas casta, agus go n-athraíonn leibhéal an dúshláin de réir staid aonair gach Ballstáit; ag beartú, sa chomhthéacs sin, go háirithe leis an ngéarchéim dhomhanda leanúnach, cur chuige céimnithe ina mbeidh na céimeanna is gá i dtreo na haeráidneodrachta nach dtugann aird ar rioscaí an ocrais, an fhuinnimh agus na bochtaineachta eacnamaíche agus a leathnóidh éagothromaíochtaí sóisialta agus réigiúnacha;

36. á aithint gur féidir leis an turasóireacht deiseanna suntasacha a chruthú do cheantair thuaithe agus gur féidir léi bheith ina foinse thábhachtach ioncaim do phobail tuaithe; á chur i bhfios gur féidir le forbairt inbhuanaithe iascaigh áineasa mhara nó fionnuisce agus turasóireacht slatiascaireachta rannchuidiú go háirithe le forbairt na gceantar tuaithe trí thurasóirí a mhealladh thar thréimhse fhadaithe den bhliain; ag cur béim ar an bhfíoras gur féidir leis na Ballstáit úsáid a bhaint as an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus as cistí struchtúracha eile de chuid an Aontais chun tacú níos mó ná riamh le tionscadail den sórt sin; ag cur sonrú i ról na ngrúpaí áitiúla gníomhaíochta iascaigh chun na gníomhaíochtaí sin a fhorbairt i gceantair thuaithe agus iargúlta; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur ar bhailiú sonraí maidir leis na héifeachtaí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha atá ag iascaigh áineasa agus ag turasóireacht slatiascaireachta i gceantair thuaithe agus á iarraidh air bearta inláimhsithe a mholadh chun na gníomhaíochtaí sin a fhorbairt tuilleadh i réigiúin thuaithe agus i réigiúin iargúlta, go háirithe i gcás nach bhfuil leas leordhóthanach á bhaint as a n-acmhainn;

37. ag tabhairt dá haire go bhfuil réigiúin turasóireachta tuaithe ag plé le patrúin taistil atá ag athrú i ngeall ar COVID-19 agus athrú aeráide; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfadh rothaíocht, fánaíocht, turasóireacht mhioceolaíochta, turasóireacht folláine, gastranómachais, ceardlanna ealaíon pobalbhunaithe nó ceardlanna ealaíon agus ionaid taispeántais a bheith ina n-eiseamláir d'fhorbairt bhreise inbhuanaithe na turasóireachta i gceantair thuaithe; á mheas, thairis sin, leis an méid a chuireann an oidhreacht chultúrtha agus gairmithe ealaíne agus cruthaitheacha le todhchaí inbhuanaithe agus rathúil a thógáil agus le feabhas a chur ar tharraingteacht na gceantar tuaithe do thurasóirí, go gcuirfear feabhas freisin ar leas eacnamaíoch na bpobal sin;

38. á chur i bhfáth gur deis é táirgeadh fuinnimh in-athnuaite do cheantair thuaithe chun bochtaineacht fuinnimh a chomhrac agus neamhthuilleamaíocht fuinnimh a ghiniúint; á chur i bhfios go láidir, ina theannta sin, gur dóchúla go nglacfar le saoráidí táirgthe

fuinnimh in-athnuaite i gceantair thuaithe má áirítear na ceantair sin i sciar an ioncaim arna ghiniúint leis an táirgeadh sin;

39. á chreidiúint gur cheart naisc idir ceantair thuaithe agus uirbeacha a neartú agus aghaidh a thabhairt orthu ar bhealach comhlántach chun straitéisí agus pleananna gníomhaíochta tuaithe a chur chun feidhme dá réir; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí ar fud na gceantar tuaithe agus na gceantar tuaithe iargúlta go háirithe, agus ar an tábhacht a bhaineann le comhar idir ceantair thuaithe thar theorainneacha náisiúnta; ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an deighilt dhigiteach idir ceantair uirbeacha agus tuaithe, go háirithe maidir le nascacht leathanbhanda ardluais agus scileanna digiteacha agus uasoiliúint a chur chun cinn trí thionscnaimh oideachais agus oiliúna amhail dearbháin dhigiteacha, lena bhféadfar scileanna digiteacha a fhorbairt i gceantair thuaithe; á chreidiúint gur cheart cistí struchtúracha an Aontais a úsáid chun cláir shonracha maidir le litearthacht dhigiteach a mhaoiniú i gceantair thuaithe;

40. ag tabhairt dá haire go bhfuil dea-chleachtais trasteorann á gcruthú ag tionscadail an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (Interreg) chun cineálacha cur chuige nuálacha a fhorbairt maidir le forbairt chríochach chomhtháite; á chur i bhfios gur cheart aird ar leith a thabhairt ar bhonneagar agus ar chomhar trasteorann i réigiúin teorann tuaithe;

41. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an fhiontraíocht, an geilleagar sóisialta agus an nuálaíocht shóisialta lena n-áirítear an geilleagar scothaoise, go háirithe a mhéid a bhaineann le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme i gceantair thuaithe; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feasacht a mhéadú agus rochtain níos éasca ar mhaoiniú a éascú d'fhiontraithe agus do dhaoine féinfhostaithe i gceantair thuaithe; ag spreagadh na mBallstát agus na n-údarás réigiúnach agus áitiúil úsáid a bhaint as cistí struchtúracha AE atá ann cheana chun fiontraithe ban agus mná féinfhostaithe go háirithe a spriocdhíriú agus a chur chun cinn agus chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac trí chearta leanaí, daoine scothaosta agus ban agus cearta inscne a chosaint, trí chuimsiú daoine faoi mhíchumas a chothú, agus trí imircigh, dídeanaithe agus pobail imeallaithe a lánpháirtiú;

42. ag cur sonrú in éagsúlacht na gceantar tuaithe agus a ríthábhachtaí atá rialachas il-leibhéil, uirlisí ón mbun aníos agus cur chuige críochach saincheaptha chun an fhís fhadtéarmach a chur chun feidhme, go príomha sna réigiúin lagfhorbartha, sna réigiúin sléibhe, sna réigiúin oileánacha agus sna réigiúin is forimeallaí, i gceantair thuaisceartacha inar tearc an daonra agus i gceantair eile a bhfuil dlús íseal daonra iontu;

43. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh faoi lár na bliana 2023 ar na gníomhaíochtaí a mhaoiníonn an tAontas agus a Bhallstáit a rinneadh i gceantair thuaithe; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, go n-áireofar an cleachtadh sin i dtuarascáil phoiblí a mbeidh sé d'aidhm aige na réimsí a shainaithint ina bhfuil tacaíocht agus maoiniú feabhsaithe fós ag teastáil, lena n-áirítear an bealach chun cinn, bunaithe ar phlean gníomhaíochta tuaithe an Aontais;

44. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé foghlaim óna chéile agus leas a bhaint as acmhainneacht scéalta rathúla i roinnt ceantar tuaithe; á iarraidh, chun na críche sin, go ndéanfaí tuilleadh deiseanna a mhalartú agus ardáin a bhunú i gceantair thuaithe, agus

ina measc, chun comhtháthú, dlúthpháirtíocht agus malartuithe ar fud an Aontais a chur chun cinn.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 15.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | François Alfonsi, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Rosanna Conte, Corina Crețu, Rosa D'Amato, Christian Doleschal, Raffaele Fitto, Chiara Gemma, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Manolis Kefalogiannis, Constanze Krehl, Elżbieta Kruk, Dan-Ştefan Motreanu, Andżelika Anna Możdżanowska, Niklas Nienaß, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Tsvetelina Penkova, Caroline Roose, Marcos Ros Sempere, André Rougé, Susana Solís Pérez, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Álvaro Amaro, Asger Christensen, Laurence Farreng, Sandro Gozi, Jan Olbrycht, Dimitrios Papadimoulis, Rovana Plumb, Peter Pollák, Simone Schmiedtbauer |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pietro Fiocchi, Eero Heinäluoma, Antonio Maria Rinaldi |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 38 | + |
|---|---|
| ECR | Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Elżbieta Kruk, Andżelika Anna Możdżanowska |
| ID | Rosanna Conte, Alessandro Panza, Antonio Maria Rinaldi, André Rougé |
| NI | Chiara Gemma |
| PPE | Álvaro Amaro, Pascal Arimont, Christian Doleschal, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Manolis Kefalogiannis, Dan-Ştefan Motreanu, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Peter Pollák, Simone Schmiedtbauer |
| Renew | Asger Christensen, Laurence Farreng, Sandro Gozi, Susana Solís Pérez |
| S&D | Adrian-Dragoş Benea, Corina Creţu, Eero Heinäluoma, Constanze Krehl, Tsvetelina Penkova, Rovana Plumb, Marcos Ros Sempere |
| The Left | Younous Omarjee, Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | François Alfonsi, Rosa D'Amato, Niklas Nienaß, Caroline Roose, Monika Vana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

17.6.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM CHEARTA NA mBAN AGUS UM CHOMHIONANNAS INSCNE

chuig an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

ar fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – i dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil faoi 2040
(2021/2254(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Christine Schneider

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit é an comhionannas inscne, mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach é, agus de bhrí go bhfuil cur chun cinn an chomhionannais sin ar cheann de phríomhchuspóirí AE; de bhrí go n-aithnítear an comhionannas inscne sna Conarthaí agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh freisin; de bhrí go leagtar síos prionsabal an phríomhshruthaithe inscne in Airteagal 8 CFAE; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go mbainfí comhionannas inscne amach chun éagothromaíochtaí áitiúla, réigiúnacha, eacnamaíocha agus sóisialta a laghdú, chomh maith le hiomaíochas fadtéarmach agus forbairt chothrom, chuimsitheach agus inbhuanaithe na gceantar tuaithe in AE a áirithiú;

B. de bhrí go bhfuil ról il-leibhéil ag mná san fhorbairt tuaithe, eadhon mar oibrithe, feirmeoirí agus úinéirí gnó, ach tríd an ualach díréireach freagrachta a bhíonn orthu freisin i dtaca le leas a dteaghlaigh, ar obair í a measadh faoina luach san am a caitheadh mar gheall ar na steiréitíopaí traidisiúnta inscne, amhail an chaoi a mbítear ag dréim leis go mbeidh mná ina bpríomhchúramóirí do leanaí agus do chleithiúnaithe fásta; de bhrí gur mó seans, dá bhrí sin, go mbeadh mná ná fir ag obair sa gheilleagar neamhfhoirmiúil agus nach n-aithnítear a dtábhacht agus a ról ríthábhachtach i gceantair thuaithe agus i ngeilleagar na tuaithe;

C. de bhrí go bhfuil an bhearna fostaíochta idir na hinscní 3 % níos airde i gceantair thuaithe ná mar atá i gceantair uirbeacha agus de bhrí go bhfuil conarthaí neamhbhuana ag go leor ban nó go bhfuil 'ról dofheicthe' acu i sochaí na tuaithe, rud a fhágann iad i gcásanna leochaileacha, mar shampla nach mbeadh teacht acu ar chosaint shóisialta ná ar shochair mháithreachais; de bhrí gur mó seans go mbeidh mná i gceantair thuaithe ag maireachtáil faoi bhochtaineacht nó go mbeidh siad spleách ar a bpáirtí ó thaobh airgeadais de, ar constaicí móra iad ar a gcumasú; de bhrí gur gné bhunriachtanach den fhorbairt tuaithe nua-aimseartha agus inbhuanaithe í cosaint shóisialta do mhná atá ag

obair sa talmhaíocht; de bhrí gur iomaí dúshlán atá roimh mhná ó thaobh rochtain iomlán a fháil ar an margadh saothair; de bhrí go bhfuil bhearna fostaíochta 13 % idir na hinscní i gceantair thuaithe faoi láthair agus go bhfuil sí chomh hard le 20 % i mBallstáit áirithe[1]; de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag mná san fheirmeoireacht teaghlaigh, ar sainghné de thalmhaíocht na hEorpa í ós rud é gur daoine den teaghlach iad thart ar 90 % den 22 mhilliún fostaí sa talmhaíocht, agus de bhrí go bhfuil luach saothair cothrom ag teastáil ó bhanfheirmeoirí go háirithe;

D. de bhrí gur iomaí dúshlán atá roimh gheilleagar agus sochaí AE maidir leis an athrú déimeagrafach, digitiú an gheilleagair agus na sochaí, cur le lánpháirtiú na hEorpa agus an domhain agus an t-aistriú chuig geilleagar, stíleanna maireachtála agus patrúin oibre atá neodrach ó thaobh $CO_2$ de faoi 2050; de bhrí gur minic a bhíonn tionchar ag na dúshláin sin ar cheantair thuaithe agus go dtagann laghdú ar a ndaonra de bharr daoine a bheith ag bogadh chuig ceantair uirbeacha; de bhrí gur mó seans go bhfágfaidh mná óga ná fir óga ceantair thuaithe; de bhrí gur féidir leis an treocht dhéimeagrafach sin, nuair a chuirtear í in éineacht le heaspa nascachta agus bonneagair, dúshláin táirgiúlachta agus easpa seirbhísí poiblí, lena n-áirítear oideachas agus cúram, nó rochtain theoranta orthu, rud a fhágann go mbíonn easpa deiseanna ag mná, cur le heaspa tarraingteachta na gceantar tuaithe mar áiteanna cónaithe agus oibre; de bhrí gur féidir le ceantair thuaithe a bheith ina dtimpeallacht tharraingteach do dhaoine aonair, do pháirtnéireachtaí, do theaghlaigh de gach cineál agus do leanaí, i gcás inarb ábhartha;

E. de bhrí gur réamhchoinníoll riachtanach é an ceart chun oibre má tá cearta comhionanna, neamhspleáchas eacnamaíoch agus sásamh gairmiúil le bheith ag mná; de bhrí gur cheart, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an éiginnteacht fostaíochta trí chur i bhfeidhm éigeantach an phrionsabail gur cheart post buan eile a chruthú i gcás gach poist atá ann cheana, agus tríd an gceart post a fháil lena ngabhann cearta a aithint agus a fheabhsú;

F. de bhrí go bhfuil baol mór ann go mbeidh mná imirceacha thíos le dúshaothrú saothair, idirdhealú, easpa rochtana ar sheirbhísí sóisialta agus ar chosaint dhlíthiúil agus mí-úsáid fhisiciúil, shíceolaíoch, eacnamaíoch agus ghnéis;

G. de bhrí gur áit chónaithe agus oibre iad ceantair thuaithe do mhórán daoine agus go bhfuil fiontair ó gach earnáil den gheilleagar lonnaithe iontu freisin, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide; de bhrí gur ann a dhéantar talmhaíocht agus foraoiseacht ach go bhfuil feidhmeanna tábhachtacha éiceolaíocha leo freisin agus go gcuireann siad spás ar fáil le haghaidh fóillíochta agus caitheamh aimsire;

H. de bhrí gur cheart an ceart chun tithíochta a chosaint trína ráthú go mbeidh tithíocht ag daoine aonair agus teaghlaigh a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas agus a thugann cosaint dá ndea-bhail, dá bpríobháideacht agus dá gcaighdeán saoil, rud a chuideoidh, ar an gcaoi sin, le ceartas agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach agus le dul i ngleic leis an eisiamh sóisialta agus an bhochtaineacht;

I. de bhrí gur minic a fhostaítear oibrithe atá gan doiciméid nó iad siúd atá ina gcónaí go neamhdhleathach faoi dhálaí oibre nach bhfuil chomh fabhrach céanna le dálaí oibre

[1] Casares Guillen, B., *Women in Rural Development: Integrating a gender dimension into policies for rural areas in Europe*, Sochaí Eorpach na Meastóireachta, Rotterdam, 2021.

oibrithe eile agus de bhrí, dá bhrí sin, go n-earcaíonn roinnt fostóirí daoine as na catagóirí thuasluaite chun buntáiste éagórach iomaíoch a fháil; de bhrí go bhfuil beartais imirce AE ag cur le leochaileacht na mban imirceach gan doiciméid a bhíonn thíos le foréigean, agus nach lorgaíonn cabhair den chuid is mó, agus nach bhfuil na mná sin á gcosaint ag na beartais sin;

J. de bhrí, mar gheall ar na noirm agus steiréitíopaí inscne atá ann cheana, go nglacann mná le níos mó ná freagracht amháin i gcomhthéacs a saoil phríobháidigh agus ghairmiúil; de bhrí, agus iad ag glacadh leis na róil éagsúla thuasluaite, go gcuireann mná go mór leis an dul chun cinn agus an nuálaíocht ar gach leibhéal den tsochaí agus le méadú ar an gcaighdeán saoil, go háirithe i gceantair thuaithe; de bhrí, de bharr na ndeiseanna a eascraíonn as na haistrithe glasa agus digiteacha, mar aon le hiarmhairtí phaindéim COVID-19 agus an méadú ar an gcianobair, gur tarraingíodh aird an athuair ar cheantair thuaithe agus gur cuireadh deiseanna nua ar fáil i dtaca le timpeallacht oibre atá níos cothroime ó thaobh inscne de agus a chumasaíonn mná; de bhrí go gcuirfidh iarmhairtí na paindéime a thuilleadh leis an neamhionannas inscne, rud a léiríonn gur gá go mbeadh an téarnamh eacnamaíoch agus aistrithe glasa agus digiteacha na hEorpa íogair ó thaobh inscne de; de bhrí go spreagann mná i gceantair thuaithe athruithe ó thaobh an aistrithe sin chuig sochaí agus geilleagar níos glaise agus gurb iad faoi deara na hathruithe sin;

K. de bhrí go bhfuil daoine óga ar cheann de na grúpaí sóisialta is mó atá thíos leis an meath atá tagtha ar mhargadh an tsaothair faoi láthair, agus gur minice a bhíonn siadsan thíos le dífhostaíocht, éiginnteacht fostaíochta agus pá íseal, cé go bhfuil oideachas níos mó orthu ná mar a bhí ar na glúnta a tháinig rompu;

L. de bhrí go bhfuil líon na mban san fheirmeoireacht ag dul i méid go mall le blianta beaga anuas; de bhrí nach bhfuil ach 30 % de na feirmeacha ar fud AE á mbainistiú ag mná agus de bhrí gurb iondúil go mbíonn na feirmeacha sin níos lú ná na feirmeacha atá á mbainistiú ag fir, agus go saothraíonn siad ioncam níos ísle agus gur lú an rochtain a bhíonn acu ar thacaíocht airgeadais; de bhrí nach bhfuil na difríochtaí móra atá le fáil in ionadaíocht na mban san fheirmeoireacht i measc na mBallstát le sonrú sa chéatadán sin; de bhrí go bhfaigheann mná, ar leibhéal na ceannaireachta nó na bainistíochta feirme, níos lú tacaíochta, go comhréireach, ó cheachtar den dá cholún den Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) ná mar a fhaigheann fir (tugtar tacaíocht dhíreach ioncaim faoi cholún 1 agus tá colún 2 dírithe ar thacaíocht don fhorbairt tuaithe); de bhrí gurb é is cúis leis sin gurb iondúil go mbainistíonn mná feirmeacha beaga, gur leo níos lú talún agus gur lú rochtain a bhíonn acu ar an oideachas foirmiúil agus speisialaithe[2]; de bhrí gur trua nach bhfuil mórán ban ag obair san fheirmeoireacht, rud a fhágann gur lú na deiseanna a bhíonn acu a bheith rannpháirteach i ngeilleagar na tuaithe, amhail trí fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), na fiontair is coitianta i gceantair thuaithe;

M. de bhrí go mbíonn baic ar mhná atá ina gcónaí i gceantair thuaithe rochtain a fháil ar chúram sláinte leordhóthanach agus inacmhainne, lena n-áirítear ag clinicí agus ospidéil agus ó sheirbhísí sláinte atáirgthe gnéis, pleanála teaghlaigh agus comhairleoireachta, agus tacaíocht a fháil nuair a dhéantar foréigean inscnebhunaithe orthu; de bhrí go n-

[2] Casares Guillen, B., *Women in Rural Development: Integrating a gender dimension into policies for rural areas in Europe*, Sochaí Eorpach na Meastóireachta, Rotterdam, 2021.

áirítear ar na deacrachtaí sin inacmhainneacht, roghanna teoranta gluaiseachta agus easpa rochtana ar chúrsaí iompair nó ar mhodhanna teagmhála seirbhísí iompair[3] agus cúraim i gceantair thuaithe; de bhrí go n-áirítear orthu freisin easnaimh airgeadais sna seirbhísí áitiúla sláinte agus tréimhsí fada feithimh chun speisialtóirí áirithe a fheiceáil; de bhrí gur féidir le seirbhísí cúraim sláinte trasteorann rogha níos fearr a thabhairt d'othair i gcásanna ina bhfuil an chóireáil is oiriúnaí nó an t-ospidéal is gaire i mBallstát eile; de bhrí go raibh tionchar díréireach ag paindéim COVID-19 ar mhná agus ar chailíní, rud a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar an bhforéigean inscnebhunaithe agus gur cuireadh deireadh le seirbhísí a bhaineann le sláinte gnéis agus atáirgthe;

N. de bhrí go raibh tionchar mór ag paindéim COVID-19 agus ag na bearta dianghlasála a bhain léi ar cheantair thuaithe agus de bhrí go bhfuil fianaise ann go bhfuil neamhionannais ag dul i méid[4]; de bhrí go léirítear i réamhstaidéir go bhfuil paindéim COVID-19 tar éis géarú ar na neamhionannais atá ann faoi láthair idir fir agus mná, go háirithe i dtaca le méadú ar an obair chúraim gan phá agus ar an míchothromaíocht oibre is saoil;

O. de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go ráthódh an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) samhlacha táirgthe agus tomhaltais atá níos inbhuanaithe agus níos daonlathaí, rud a chuirfeadh feabhas ar an ról atá ag gabháltais bheaga agus mheánmhéide agus ag feirmeacha teaghlaigh;

P. de bhrí go spreagann mná an rathúnas agus an cuimsiú sóisialta go mór i gceantair thuaithe, go háirithe tríd an bhfiontraíocht; de bhrí go bhfuil 38 % de mhná i gceantair thuaithe féinfhostaithe agus de bhrí go bhfuil an iomarca ban i gcineálacha neamhbhuana féinfhostaíochta[5]; de bhrí gur cheart a aithint gur féidir an ról atá ag fiontraithe ban agus mná féinfhostaithe sa gheilleagar fás eacnamaíoch, cruthú post agus nuálaíocht a spreagadh; de bhrí nach leor an rochtain atá ag mná ar chistí poiblí agus príobháideacha chun a ngnólachtaí a fhorbairt;

Q. de bhrí go bhfuil na ciorruithe ar bhuiséid phoiblí mar thoradh ar bheartais eacnamaíocha macrastruchtúracha an Aontais Eorpaigh, go háirithe cur chun feidhme na mbeart atá sna cláir maidir le 'rialachas eacnamaíoch' agus coigeartú airgeadais, ina gcúis le neamhionannais inscne agus an dífhostaíocht a bheith ag dul i méid i measc na mban agus go mbeidh sé amhlaidh amach anseo ós rud é gur mná is mó atá ag obair san earnáil phoiblí agus gurb iad is mó a thairbhíonn de bheartais shóisialta, agus go dtiocfaidh méadú ar an mbochtaineacht i measc na mban dá dheasca sin; de bhrí go bhfuil athrú beartais ag teastáil dá bhrí sin;

R. de bhrí go bhfuil ról tábhachtach ag seirbhísí poiblí leasa ghinearálta i gceantair thuaithe agus ó thaobh cuspóir an chomhtháthaithe chríochaigh a bhaint amach; de bhrí go bhfuil sé tábhachtach seirbhísí soghluaisteachta agus iompair phoiblí a chur chun cinn i gceantair thuaithe atá ar fáil go forleathan, éifeachtúil agus ar phraghas réasúnta, agus

---

[3] Leathanach gréasáin Women Watch dar teideal '*Overview: Health*', ar tugadh cuairt air an 20 Meitheamh 2022.

[4] Alt an 2 Meitheamh 2021 maidir leis an gcuimsiú sóisialta dar teideal '*Reducing poverty and inequality in rural areas: key to inclusive development*', an Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta.

[5] Staidéar an 13 Meitheamh 2019 dar teideal *The professional status of rural women in the EU* [Stádas gairmiúil mhná na tuaithe in AE], an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Parlaimint na hEorpa.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe á gcur san áireamh; de bhrí nach bhfuil an nascacht laistigh de cheantair thuaithe forbartha go leor, rud a fhágann go bhfuil deacrachtaí ag baint le gluaiseacht daoine agus go háirithe le gluaiseacht na mban sna ceantair sin; de bhrí gur lú an seans go mbeadh ceadúnas tiomána nó teacht ar charr ag mná i gceantair thuaithe ná mar a bheadh ag fir, ach go mbíonn siad ag taisteal níos mó ná fir chun na cúraimí cúraim a bhíonn orthu go minic a chur i gcrích[6]; de bhrí gur mó seans go mbainfeadh mná ná fir úsáid as an gcóras iompair phoiblí; de bhrí gur minice a dhéantar ciapadh gnéasach ar mhná ar an gcóras iompair phoiblí agus de bhrí gur minic nach dtuairiscítear na cásanna sin;

S. de bhrí go mbíonn an caighdeán maireachtála níos ísle i gcoitinne i gceantair thuaithe ná mar a bhíonn i gceantair uirbeacha, rud a dhéanann difear, ar bhealach díréireach, do na grúpaí is leochailí amhail mná imirceacha, mná ó ghrúpaí mionlaigh agus mná atá faoi mhíchumas, ar mná iad a ndéantar idirdhealú trasnach orthu i gcónaí i réimsí tábhachtacha amhail oideachas, fostaíocht agus sláinte; de bhrí go dtiocfaidh méadú mór ar líon na mban imirceach a bheidh ag bogadh isteach i gceantair thuaithe sna míonna atá amach romhainn de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin;

T. de bhrí gur gá an clár oibre digiteach a chur chun cinn i gceantair thuaithe agus bonneagar cuimsitheach leathanbhanda agus poist inbhuanaithe a fhorbairt chun an t-iomaíochas agus an rannpháirtíocht dhigiteach a choinneáil agus a neartú agus chun a áirithiú go mbeidh dálaí maireachtála comhionanna agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr ag daoine; de bhrí go bhfuil naíolanna, tithe cúraim, cúram sláinte, cúram do dhaoine atá faoi mhíchumas agus riachtanais eile, córas slándála sóisialta agus patrúin sholúbtha oibre, nuair a iarrann mná iad, ríthábhachtach chun é sin a bhaint amach;

U. de bhrí, in AE, go raibh sciar na n-áitritheoirí tuaithe a raibh bunscileanna digiteacha acu ar a laghad in 2019 14 % níos ísle ná sciar na gcónaitheoirí uirbeacha a raibh na scileanna sin acu (48 % vs 62 %); de bhrí go mbíonn constaicí níos mó roimh mhná na tuaithe maidir le rochtain a fháil ar an oideachas i gcomparáid le fir[7]; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfaí bearta chun go mbeadh rochtain iomlán ag mná na tuaithe ar gach leibhéal oideachais, lena n-áirítear na hábhair ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) ach gan a bheith teoranta dóibhsean, agus go gcinnteofaí go mbeadh an rochtain sin ag níos mó de mhná na tuaithe;

V. de bhrí gur minic a bhíonn mná i gceantair thuaithe faoi ghannionadaíocht i gcomhlachtaí cinnteoireachta amhail comharchumainn talmhaíochta, ceardchumainn agus rialtais bhardasacha; de bhrí go bhfuil sé an-tábhachtach go méadófaí ionadaíocht na mban sna comhlachtaí sin;

W. de bhrí go ndéantar idirdhealú ar fheirmeacha beaga agus meánmhéide agus ar fheirmeacha teaghlaigh nuair a bhíonn cabhair á dáileadh faoi CBT, rud a dhéanann difear go háirithe do bhanfheirmeoirí;

[6] Staidéar an 16 Nollaig 2021 dar teideal *Women and transport* [Mná agus cúrsaí iompair], an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Parlaimint na hEorpa.

[7] Alt an 2 Meitheamh 2021 maidir leis an gcuimsiú sóisialta dar teideal '*Reducing poverty and inequality in rural areas: key to inclusive development*', an Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta.

X. de bhrí, le míonna beaga anuas, go raibh banfheirmeoirí thíos le hamhantraíocht praghsanna i dtaca le tosca táirgthe (e.g. síolta, lotnaidicídí, leasacháin, breosla, fuinneamh agus innealra);

1. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an príomhshruthú inscne a áirithiú sa bheartas forbartha tuaithe, mar aon le cur chuige iomlánaíoch a théann níos faide ná forbairt talmhaíochta agus a chuireann tacaíocht daoine i gcroílár an bheartais sin; á chur i bhfios go láidir a éagsúla atá gníomhaithe na tuaithe agus a thábhachtaí atá siad ó thaobh inbhuanaitheacht na gceantar tuaithe de; á iarraidh go malartófaí dea-chleachtais idir na Ballstáit; á iarraidh go gcuirfí an obair feirme a dhéanann mná san áireamh, go háirithe an obair a dhéanann siad chun cabhrú lena gcéilí agus a bpáirtithe, chun a áirithiú go dtabharfar aitheantas dlíthiúil níos fearr dá gcuid oibre agus dá gcearta;

2. á chur i bhfáth gur gá go mbeadh rochtain ag mná a bhíonn ag obair ar fheirmeacha ar chearta slándála sóisialta amhail saoire mháithreachais agus cearta pinsin; á chur i bhfáth go ndéanann mná cúraimí tábhachtacha chun tacaíocht leanúnach a thabhairt d’fheirmeacha teaghlaigh, fiú má tá líon na mban atá ag obair sa talmhaíocht san Aontas i bhfad níos ísle go comhréireach ná a sciar céatadáin den daonra iomlán atá gníomhach go gairmiúil (35.1 % i gcomparáid le 45.9 %); á chur i bhfios freisin, sa chomhthéacs sin, nach bhfuil ach aon trian de bhainisteoirí feirme ina mná;

3. á chur in iúl gurb oth léi an rochtain mhíchothrom atá ag mná ar úinéireacht talún feirme agus á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh cearta úinéireachta ag mná;

4. ag cur béim ar an ngá atá le beartas chun margaí a rialáil, go háirithe i gcás earnálacha na déiríochta agus an fhíona, agus chun tacaíocht fhabhrach a áirithiú d’fheirmeacha beaga agus meánmhéide, trí chabhair a oiriúnú agus a uasteorannú, chun táirgeadh agus caitheamh bia a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil a oiread is féidir agus chun na córais táirgthe is inbhuanaithe a chur chun cinn;

5. á iarraidh go dtabharfaí bearta dearfacha idirdhealaithe isteach ar mhaithe le banfheirmeoirí, rud a thabharfadh spreagadh dóibh fanacht i gceantair thuaithe; á iarraidh, anuas ar thacaíocht do mhná, go ndéanfaí bearta lena gcuirfí comhlachais chun cinn ar féidir leo comhairle agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil chun feirmeacha a choinneáil ag feidhmiú mar uirlisí chun cabhrú leis an earnáil teacht slán, agus á iarraidh go spreagfaí daoine óga le hinfheistiú sa talmhaíocht agus i mbeostoc ar mhaithe leis an todhchaí;

6. á chur i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar chás na mban i gceantair thuaithe le cur chuige trasnach trí dhíriú ar chás ar leith na ngrúpaí sonracha amhail mná imirceacha, mná LADTIA, mná atá faoi mhíchumas agus mná scothaosta;

7. ag moladh go gcruthófaí scéim phoiblí árachais talmhaíochta, arna maoiniú ó bhuiséad AE, a mbainfí leas aisti i gcás adhaimsire nó tubaistí (atá ag tarlú níos minice ná riamh), rud a chuirfeadh leibhéal leordhóthanach cosanta ar fáil do gach feirmeoir, ionas nach mbeidh ar dhaoine ceantair thuaithe a fhágáil; ag tathant ar an gCoimisiún an fheirmeoireacht bheag agus mheánmhéide agus an fheirmeoireacht teaghlaigh a chosaint, mar go mbaineann siad de ghnáth le samhlacha inbhuanaithe táirgthe ar ardcháilíocht atá in ann comhtháthú sóisialta agus críochach a áirithiú;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún na praghsanna a íoctar le táirgeoirí a rialáil agus, go háirithe, toirmeasc a chur ar chonarthaí a bheith á dtabhairt i gcrích ag praghsanna nach gcumhdaítear costais táirgthe leo agus dul i ngleic le hamhantraíocht praghsanna i dtaca le tosca táirgthe;

9. á iarraidh go ndéanfaí cabhair AE a dháileadh ar bhealach níos cothroime faoi CBT ar thíortha, ar tháirgeoirí agus ar tháirgí;

10. á iarraidh go gceapfaí beartais ar bhealach lena gcuirfí san áireamh riachtanais na mban i gceantair thuaithe, amhail trí sheirbhísí poiblí leordhóthanacha agus, i gcás inarb iomchuí, cúram sláinte soghluaiste a sholáthar, lena n-áirítear seirbhísí leighis taistil, amhail busanna feistithe a thugann deis do mhná atá ina gcónaí i gceantair thuaithe dul faoi thástáil scagtha choiscthigh nó comhairliúchán a bheith acu le gínéiceolaí; á chur i bhfáth gur gá rochtain ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe a ráthú do chách tríd an teilileigheas a úsáid, trí ionaid áitiúla imbhreithe a fhorbairt agus trí rochtain ar fhaisnéis a áirithiú; á iarraidh go dtabharfaí aghaidh ar riachtanais na mban i gceantair thuaithe trí chúram leanaí iomchuí, amhail naíolanna lae, naíolanna agus gníomhaíochtaí áineasa do leanaí, agus trí líonraí tacaíochta a fhorbairt do dhaoine scothaosta agus, ar an gcaoi sin, go ndéanfaí na rátaí fostaíochta i measc na mban a mhéadú agus a gcearta slándála sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear saoire mháithreachais nó cearta pinsin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain ag mná ar na cistí de chuid AE atá ar fáil;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú chun forléargas cuimsitheach ar staid shocheacnamaíoch mhná na tuaithe a áirithiú agus gné na hinscne a chur san áireamh nuair a bhíonn beartais agus cláir i réimse na forbartha tuaithe á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á measúnú; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá measúnuithe tionchair ar cheapadh na dtograí sin chun cuidiú le spriocanna an phríomhshruthaithe inscne a bhaint amach i gceantair thuaithe; á chur i bhfáth gur cheart aird ar leith a thabhairt ar mhná i gceantair thuaithe agus tacaíocht shóisialta struchtúrach agus cláir forbartha réigiúnaí á gceapadh acu; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun seirbhísí sóisialta poiblí a dhéanamh níos inrochtana do mhná i gceantair thuaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dea-chleachtais a roinnt agus gníomhaíocht spreagúil a dhéanamh i gceantair atá bánaithe;

12. á chur i bhfáth gur gá bearta spriocdhírithe a fhorbairt a chuideoidh le dúshláin shonracha atá roimh mhná na tuaithe i margadh an tsaothair a shárú, amhail an bhearna fostaíochta agus rannpháirtíocht sa gheilleagar neamhfhoirmiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit leas ceart a bhaint as an aistriú atá ag tarlú faoi láthair chuig Aontas atá níos digití agus níos glaise chun deiseanna nua fostaíochta a chruthú; á chur i bhfáth gur gá do na Ballstáit forbairt scileanna nua do mhná a fhiosrú agus a chur chun cinn, mar aon lena gcuimsiú digiteach, trí dheiseanna cianoibre a spreagadh chun é a dhéanamh níos éasca dóibh siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe poist ar ardcháilíocht a fháil;

13. á thabhairt chun suntais go bhféadfadh ceantair thuaithe a bheith ina spásanna ina gcothófaí cuimsiú agus lánpháirtiú na ngrúpaí ban is leochailí a bhfuil riachtanais shonracha acu, amhail mná atá faoi mhíchumas, mná imirceacha, lena n-áirítear

imircigh shéasúracha, dídeanaithe agus mionlaigh, daoine a ndéantar foréigean inscnebhunaithe orthu, mná nach bhfuil mórán oiliúna orthu nó nach bhfuil aon oiliúint orthu agus máithreacha aonair; ag moladh do na Ballstáit bearta sonracha a cheapadh agus a chur chun feidhme chun oiliúint agus fostaíocht na ngrúpaí ban sin a chur chun cinn agus chun a gcearta bunúsacha a chosaint; á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag na húdaráis áitiúla agus náisiúnta i dtaca lena áirithiú go gcuirfear na mná sin san áireamh agus go ndéanfar iad a lánpháirtiú sa tsochaí; á áitiú, go háirithe, gur gá freagairt láithreach a ullmhú le haghaidh theacht na mban ón Úcráin a bhfuil leanaí acu chun a áirithiú go mbeidh siad in ann lánpháirtiú sa tsochaí go tapa agus go héasca;

14. á áitiú go bhfuil ar stáit agus ar fhostóirí freagracht níos mó a ghlacadh orthu féin as athsholáthar na nglúnta agus as cearta máithreachais agus atharthachta, rud a chiallaíonn go gcaithfidh an ceart a bheith ag mná a bheith ina máithreacha agus ina n-oibrithe san am céanna gan a bheith orthu a gcearta saothair a fhorghéilleadh;

15. á iarraidh ar na Ballstáit freagracht a ghlacadh orthu féin as an gceart chun tithíochta a ráthú do chách, go háirithe trí chláir tithíochta a sheoladh do chónaitheoirí nach bhfuil chomh maith sin as, dreasachtaí a chur ar fáil chun tithíocht fhóirdheonaithe a chur chun cinn, tithíocht shóisialta a thógáil, cláir féintógála a chur chun cinn agus a mhaoiniú, tacú le hearnáil an chomhair, beartais chreidmheasa atá éifeachtach agus neamh-amhantrach a sheoladh agus margadh neamh-amhantrach cíosa a rialáil;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oideachas digiteach agus hibrideach agus athsciliú agus oiliúint leanúnach na mban i gceantair thuaithe a chur chun cinn agus an rochtain ar shainchláir oideachais agus ar phoist ardcháilíochta a fhorbairt tuilleadh chun gur féidir leo cur lena gcumas agus chun cur i gcoinne imeacht na mban, ar mná ardcháilithe iad den chuid is mó, as ceantair thuaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de thacaíocht a thabhairt d’obair na mBallstát ó thaobh feabhas a chur ar sholáthar an oideachais ar ardchaighdeán a mbeidh rochtain ag gach duine air trí infheistíochtaí ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ón gclár InvestEU agus ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, agus béim á cur ar dhaoine atá i gcás leochaileach; á chur i bhfáth gur gá na dúshláin bhonneagair agus phraiticiúla atá roimh mhná na tuaithe a shárú ó thaobh rochtain a fháil ar an oideachas, amhail roghanna teoranta gluaiseachta nó bonneagar digiteach neamhleor;

17. á chur i bhfios go bhfuil tionchar mór ag cás na mban i gceantair thuaithe ar staid na talmhaíochta áitiúla agus go bhfuil méadú tagtha ar líon na ngabháltas beag agus meánmhéide agus na bhfeirmeacha teaghlaigh atá á dtréigean de dheasca bearta éagóracha faoi CBT; á chur i bhfáth gur gá níos mó tacaíochta a thabhairt chun an talmhaíocht teaghlaigh a chaomhnú agus chun forbairt tuaithe a áirithiú, agus béim ar leith á leagan ar obair na mban, lena n-áirítear mná imirceacha a bhíonn ag obair sa talmhaíocht;

18. á iarraidh go mbainfí leas as an iliomad deiseanna i gceantair thuaithe agus go bhforbrófaí bonneagar cuimsitheach leathanbhanda chun go mbeifear in ann oibriú ón mbaile agus poist ardcháilíochta a chruthú a fheabhsóidh an chothromaíocht oibre is saoil agus, ar an gcaoi sin, a chinnteoidh go mbeidh na deiseanna céanna ag mná páirt a ghlacadh i ngeilleagar agus obair na tuaithe; á iarraidh ar na Ballstáit a gcuid iarrachtaí a

threisiú chun tacú leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, le hoideachas gairmiúil, leis an oiliúint, le córais cáilíochtaí agus treorach, le bonneagar níos fearr agus le seirbhísí ar chaighdeán níos fearr i gceantair thuaithe, trí dhlúth-rannpháirtíocht na réigiún, na mbardas agus daoine eile a chuireann na bearta sin chun cinn, amhail an earnáil phríobháideach, lena n-áirítear eagraíochtaí gnó agus comhlachais tráchtála agus i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta a rannchuidíonn go leanúnach le forbairt na tuaithe, toisc gur féidir leis sin rannchuidiú go mór leis an bhfostaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn i gceantair thuaithe;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit seirbhísí sláinte agus cúraim trasteorann a chur chun cinn tuilleadh, go háirithe i gceantair thuaithe, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngné sin san athbhreithniú ar Threoir 2011/24/AE[8], rud a laghdóidh, ar an gcaoi sin, na bacainní maorlathacha agus bacainní eile a bhíonn ar sholáthar agus úsáid seirbhísí sláinte agus cúraim ar bhonn trasteorann agus a bhunóidh nasc níos fearr idir córais éagsúla cúraim sláinte; á chur i bhfáth go bhfuil sé de cheart ag daoine scothaosta rochtain a bheith acu ar sheirbhísí sláinte poiblí ar ardchaighdeán, rud a fhágann go mbeidh próiseas sláintiúil aosaithe acu agus go ndéanfar an t-eisiamh sóisialta, an t-imeallú sóisialta agus an t-uaigneas a chomhrac;

20. á iarraidh ar na Ballstáit gníomhaíochtaí coisctheacha agus ardaithe feasachta a fhorbairt chun an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, lena n-áirítear i scoileanna, a áirithiú go mbeidh rochtain ar fhaisnéis faoi shaoráidí chun cabhrú le híospartaigh, brúnna a chur ar fáil d’íospartaigh, lena n-áirítear do mhná imirceacha agus mná a dhéanann obair shéasúrach, agus cláir idirghabhála agus cóireála coiscthí a chur ar bun do dhéantóirí na coire; á chur i bhfáth gur gá an ghairmoiliúint a threisiú do dhaoine atá ag obair i bhforfheidhmiú an dlí agus sa riarachán poiblí agus dóibh siúd a bhíonn ag tabhairt aire do dhaoine a ndearnadh foréigean inscne orthu; á iarraidh go bhfeabhsófaí cumasú eacnamaíoch agus airgeadais na mban a ndearnadh foréigean orthu trína lánpháirtiú sa mhargadh saothair agus trí chúnamh sóisialta; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit agus ar na rialtais réigiúnacha agus áitiúla a áirithiú nach ndéanfar rochtain chothrom ar sheirbhísí tacaíochta a cheilt ar íospartaigh a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe agus iargúlta; ag athdhearbhú a hiarrata ar AE agus ar na Ballstáit Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú[9];

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit beartais a cheapadh do cheantair thuaithe chun a áirithiú nach mbeidh ar mhná de gach glúin imeacht agus gur féidir leo tabhairt faoi thionscnaimh fiontraíochta agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le hathbheochan agus forbairt eacnamaíoch a gceantair; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún feasacht a mhéadú agus rochtain níos éasca ar mhaoiniú a éascú d’fhiontraithe ban agus do mhná atá féinfhostaithe, lena n-áirítear cineálacha malartacha maoinithe, agus a chinntiú go mbeidh maoiniú ar fáil agus go ndáilfear orthu é; ag moladh do na Ballstáit agus do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla úsáid a bhaint as Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa atá ann cheana chun díriú ar fhiontraithe ban agus ar mhná atá féinfhostaithe agus iad a chur chun cinn; á chur i bhfáth go bhfuil gá le feachtais ardaithe feasachta agus faisnéise maidir leis na

[8] Treoir 2011/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2011 maidir le cearta othar i gcúram sláinte trasteorann a chur i bhfeidhm, IO L 88, 4.4.2011, lch. 45.
[9] Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus an foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac.

deiseanna atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo i dtaca le maoiniú ón Aontas d'fhiontraithe ban;

22. ag tabhairt dá haire go bhfuil mná níos spleáiche ná fir ar an gcóras iompair phoiblí; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhar le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, an príomhshruthú inscne a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr ina gcuid beartas iompair agus a áirithiú nach mbeidh ceantair thuaithe gan rochtain ar an mbonneagar riachtanach iompair; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá modhanna poiblí iompair atá ar ardchaighdeán, ar phraghas réasúnta agus sábháilte; á chur i bhfáth go bhfuil gá le cistí comhtháthaithe AE chun tacú le feabhas a chur ar an nascacht agus ar réitigh iompair i gceantair thuaithe; á iarraidh ar na Ballstáit an ilmhódúlacht a éascú agus aistrithe éasca agus compordacha ó mhodh iompair amháin go modh iompair eile a sholáthar; ag cur béim ar an bhfíoras nach mór bonneagar ar chaighdeán níos airde a chruthú ar fud an Aontais chun a áirithiú go mbeidh na slabhraí iompair chomh réidh agus chomh hinrochtana agus is féidir; á athdhearbhú go n-áirítear leis sin caighdeánú bonneagair, go háirithe chun tionscadail agus iompar trasteorann a éascú, rud a fhágfaidh, ar an gcaoi sin, gur féidir le mná a bheith níos gníomhaí i margadh an tsaothair agus obair a lorg trína chur ar a gcumas tuilleadh taistil a dhéanamh;

23. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh sé indéanta dáiríre freastal ar an saol gairmiúil, an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh le chéile, rud a mbeidh dea-thionchar aige ar rannpháirtíocht na mban go léir sa saol sóisialta agus polaitiúil trí thimpeallacht bharrmhaith a spreagadh i gceantair thuaithe lena meallfar daoine aonair, páirtnéireachtaí agus teaghlaigh de gach cineál, agus go háirithe mná, le bogadh go ceantair thuaithe chun leas a bhaint as stíleanna sláintiúla maireachtála;

24. ag tacú go láidir le méadú ar an tacaíocht institiúideach chun rannpháirtíocht pholaitiúil agus cumhacht nó ionadaíocht a áirithiú do mhná na tuaithe; á áitiú gur gá gníomhaíochtaí oiliúna a cheapadh chun mná na tuaithe a spreagadh le dul ag obair i réimsí agus earnálacha ina bhfuil siad faoi ghannionadaíocht, mar aon le feachtais ardaithe feasachta faoin tábhacht a bhaineann le mná a bheith i bpoist bhainistíochta; á iarraidh ar na Ballstáit an comhionannas inscne a chur chun cinn ina gcomhlachtaí éagsúla bainistíochta agus ionadaíochta chun rannpháirtíocht chothrom a chothú i ngach cineál eagraíochta talmhaíochta, comhlachais agus institiúide poiblí;

25. ag tathant ar na Ballstáit an bhearna phá idir na hinscní agus an bhearna phinsin a dhúnadh; á chur i bhfios gur cheart na pinsin a mhéadú chun ioncam cóir a sholáthar, rud a ligfidh do dhaoine saol atá lán dínite a chaitheamh, agus nár cheart dóibh a bheith faoi bhun thairseach na bochtaineachta riamh; á chur i bhfáth gur gá córais slándála sóisialta atá poiblí, bunaithe ar dhlúthpháirtíocht agus uilíoch a chosaint, ar córais iad lena ráthaítear pinsin chuibhiúla do chách;

26. á iarraidh go mbeadh rochtain níos fearr ann ar sheirbhísí poiblí agus bonneagar atá ar ardchaighdeán, go háirithe bonneagar digiteach, agus go n-úsáidfí roghanna iompair atá ar fáil go forleathan, éifeachtúil agus ar phraghas réasúnta atá i gcomhréir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe;

27. ag tathant ar na Ballstáit bearta sonracha a chur chun feidhme chun dul i ngleic le baol

an eisiaimh shóisialta agus na bochtaineachta, agus béim á cur ar an rochtain ar thithíocht, iompar agus fuinneamh inacmhainne;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cláir mhaoiniúcháin nó bearta tacaíochta a cheapadh ionas gur féidir le geallsealbhóirí agus gnólachtaí beaga ualach an mhaorlathais a bhainistiú go héasca; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh daoine aonair nó eagraíochtaí beaga in ann forléargas a fháil agus iarratas a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe freisin agus go dtabharfar cúnamh dóibh chun é sin a dhéanamh;

29. ag tathant ar na Ballstáit a ráthú gur féidir le mná a gcearta a fheidhmiú i ngach réimse den tsochaí, agus, ar an gcaoi sin, go gcuirfear toirmeasc ar gach cineál idirdhealaithe agus go ngearrfar pionós air;

30. ag cur sonrú sa mhéid a rannchuidíonn gníomhaíochtaí faoin gclár LEADER chun comhionannas inscne a chur chun cinn i gceantair thuaithe, clár arna chómhaoiniú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus a bhfuil sé mar aidhm leis ról a thabhairt do gheallsealbhóirí áitiúla i gceapadh agus seachadadh straitéisí, sa chinnteoireacht agus i leithdháileadh acmhainní ar mhaithe le forbairt na gceantar tuaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an clár LEADER a neartú tríd an ualach riaracháin atá ar na húdaráis áitiúla a laghdú agus an rochtain air a shimpliú, trí úinéireacht áitiúil na dtionscadal forbartha atá faoi stiúir an phobail a chur chun cinn agus trí rannpháirtíocht na mban i ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla a spreagadh.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Annika Bruna, Maria da Graça Carvalho, Margarita de la Pisa Carrión, Lina Gálvez Muñoz, Alice Kuhnke, Karen Melchior, Andżelika Anna Możdżanowska, Maria Noichl, Sandra Pereira, Pina Picierno, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Sylwia Spurek |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Michiel Hoogeveen, Ewa Kopacz, Aušra Maldeikienė, Predrag Fred Matić, Silvia Modig, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Paweł Balt, Milan Brglez, Maria Walsh |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| ECR | Michiel Hoogeveen, Andżelika Anna Możdżanowska |
| ID | Annika Bruna |
| PPE | Isabella Adinolfi, Maria da Graça Carvalho, Ewa Kopacz, Aušra Maldeikienė, Christine Schneider, Maria Walsh |
| RENEW | Karen Melchior, María Soraya Rodríguez Ramos |
| S&D | Marek Paweł Balt, Milan Brglez, Lina Gálvez Muñoz, Predrag Fred Matić, Maria Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| THE LEFT | Silvia Modig, Sandra Pereira |
| VERTS/ALE | Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Monika Vana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Margarita de la Pisa Carrión |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.10.2022 |
| **Toradh na vótala críochnaithí** | +: 36<br>–: 1<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Ivan David, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Elena Lizzi, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Eugenia Rodríguez Palop, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Rosanna Conte, Marie Dauchy, Anna Deparnay-Grunenberg, Alin Mituța |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Estrella Durá Ferrandis |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 36 | + |
| --- | --- |
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Álvaro Amaro, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| RENEW | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Estrella Durá Ferrandis, Camilla Laureti, Maria Noichl, Juozas Olekas |
| THE LEFT | Luke Ming Flanagan, Chris MacManus, Eugenia Rodríguez Palop |

| 1 | - |
| --- | --- |
| ECR | Krzysztof Jurgiel |

| 10 | 0 |
| --- | --- |
| ID | Rosanna Conte, Marie Dauchy, Ivan David, Gilles Lebreton, Elena Lizzi |
| VERTS?ALE | Benoît Biteau, Anna Deparnay-Grunenberg, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh